An Roinn Dlí agus Cirt,
Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice,
Home Affairs and Migration

An Oifig Náisiúnta um
Shábháilteacht Pobail
The National Office
for Community Safety

# Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú

# Clár Ábhar


Acrainmneacha ........ 6

1. Cúlra agus comhthéacs ........ 7
   1.1. Sábháilteacht Pobail: Cur chuige nua ........ 7
   1.2. An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 ........ 10
   1.3. Bonneagar Náisiúnta Sábháilteachta Pobail ........ 10
   1.4. Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ........ 11
   1.5. Comhchoistí Póilíneachta ........ 12
2. Cuspóir an doiciméid seo ........ 13
3. Feidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ........ 13
4. Cuspóirí agus Torthaí ........ 15
5. Treoirphrionsabail ........ 15
6. Comhaltas ........ 17
   6.1. Struchtúr na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ........ 18
   6.2. Comhaltaí Údaráis Áitiúil ........ 19
   6.3. Comhlachtaí earnála poiblí ........ 19
   6.4. Comhaltaí eile ........ 20
   6.5. Cothromaíocht inscne agus éagsúlacht ........ 24
   6.6. Comhaltaí a Cheapadh ........ 25
   6.7. Ionduchtú na gComhaltaí ........ 25
   6.8. Téarma an chomhaltais ........ 26
   6.9. Cur in ionad comhaltaí, agus comhaltaí d’éirí as ........ 26
7. An cathaoirleach agus an leaschathaoirleach ........ 27
   7.1. Ról an chathaoirligh ........ 27
   7.2. Ról an leaschathaoirligh ........ 28
   7.3. Toghadh an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh ........ 29
   7.4. Téarma oifige don chathaoirleach agus don leaschathaoirleach ........ 30
   7.5. An cathaoirleach/an leaschathaoirleach d’éirí as ........ 30

7.6. An cathaoirleach/an leaschathaoirleach a chur as a phost nó as a post .... 30
7.7. Folúntas i bpost an chathaoirligh/an leaschathaoirligh .... 31
8. Tacaíochtaí riaracháin agus eile .... 31
8.1. Baill foirne bhuana .... 31
8.2. Baill foirne bhreise .... 32
8.3. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail .... 33
8.4. Oiliúint do chomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil 33
8.5. Cistiú .... 34
8.5.1. An Ciste um Shábháilteacht Pobail .... 34
9. Téarmaí Tagartha .... 35
10. Cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla .... 35
10.1. An líon cruinnithe agus minicíocht na gcruinnithe .... 36
10.2. Ceanglas córaim do chruinnithe .... 36
10.3. Daoine Eile a Bhí i Láthair .... 36
10.4. Freastal na Meán .... 36
10.5. Cruinnithe poiblí .... 37
10.6. Cruinnithe dúnta .... 38
10.7. Miontuairiscí cruinnithe .... 38
10.8. Taifead ar fhreastal .... 39
10.9. Taifid ar chruinnithe .... 39
11. Cinnteoireacht .... 39
12. Coinbhleachtaí leasa .... 40
13. Teorainneacha na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta .... 40
14. Foghrúpaí agus grúpaí oibre .... 40
15. Fóraim Sábháilteachta Pobail Comharsanachta Áitiúla .... 43
16. An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail .... 44
17. Comhoibriú .... 45
17.1. Caidreamh comhoibríoch a fhorbairt .... 45
17.2. Comhoibriú le struchtúir eile chomhpháirtíochta .... 46

17.3. Comhoibriú le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla eile .......... 47
17.4. Comhoibriú trasteorann .......... 48
18. Caidreamh leis an bpobal agus rannpháirtíocht an phobail .......... 49
18.1. Cur Chuige Rannpháirtíoch .......... 50
18.2. Guth na hÓige .......... 51
19. Cumarsáid .......... 52
20. Sonraí .......... 53
20.1. Bainistíocht sonraí .......... 54
20.2. Soláthar sonraí ag gníomhaireachtaí iomchuí .......... 54
21. Pleananna sábháilteachta pobail .......... 55
22. Tuarascálacha agus tuairisciú .......... 56
23. Aguisíní .......... 59
Gluais téarmaí .......... 59
An tírdhreach áitiúil – struchtúir chomhpháirtíochta áitbhunaithe .......... 60
Tuairisc ar ról an Chathaoirligh .......... 63
Doiciméid mholta ionduchtúcháin do Chomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta .......... 64
Doiciméid theimpléadacha .......... 65
1. Téarmaí tagartha .......... 65
2. Buan-Orduithe .......... 77
3. Cód Iompair do Chomhaltaí na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta .......... 86
4. Dearbhú Coinbhleachta Leasa .......... 89
5. Foirm Ainmniúcháin Cathaoirligh .......... 90
6. Dearbhú Dearbhaithe do Chathaoirligh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta .......... 91
7. Teimpléad le haghaidh Miontuairiscí Cruinnithe .......... 92
Acmhainní Breise .......... 95

Stair an Rialaithe Leagain:

| Uimh. an Leagain: | Dáta | Stádas |
|---|---|---|
| 1.1 | 01/08/2025 | Foilsiú Tosaigh |

## Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| AGS | An Garda Síochána |
| CoFPI | An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn |
| CSF | An Ciste um Shábháilteacht Pobail |
| CYPSC | Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IPS | Seirbhís Phríosúin na hÉireann |
| JPC | Comhchoiste Póilíneachta |
| LCDC | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| LDC | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| CSPA/LCSP | Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil |
| PSCS | An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail |
| PCSA | An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail |
| PPN | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| SICAP | An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach |

# 1. Cúlra agus comhthéacs

## 1.1. Sábháilteacht Pobail: Cur chuige nua

Tugadh an téarma "sábháilteacht pobail" isteach chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh, rud a bhfuil sé i gceist leis go n-oibríonn gach cuid den phobal le chéile chun mothúcháin sábháilteachta níos mó a chothú ina bpobal.

Mar atá leagtha amach i m**beartas sábháilteachta pobail** na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, is é atá i gceist le sábháilteacht pobail ná daoine a bheith sábháilte agus a bheith ag mothú go bhfuil siad sábháilte ina bpobail féin. D'fhorbair an Roinn an Beartas Sábháilteachta Pobail seo agus aird á tabhairt ar eochairphrionsabal a sainaithníodh i dtuarascáil na bliana 2018 ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, is é sin nach freagracht atá ar an nGarda Síochána agus ar an nGarda Síochána amháin í an phóilíneacht agus go mbeidh tionchar suntasach ag cur chuige comhpháirtíochta straitéisí, ina dtugtar raon soláthraithe seirbhíse agus an pobal le chéile, ar chabhrú le daoine a bheith níos sábháilte ina bpobail agus a mheas go bhfuil siad níos sábháilte ina bpobal.

Téann an cur chuige nua sábháilteachta pobail i bhfad níos faide ná an fhreagairt thraidisiúnta póilíneachta agus éilítear leis ar gach comhlacht stáit iomchuí agus ar gach eagraíocht dheonach iomchuí obair le chéile ar bhealach comhleanúnach i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil chun tús áite a thabhairt do shaincheisteanna ina limistéar féin agus chun aghaidh a thabhairt orthu sin. Tá an cur chuige nua comhpháirtíochta sin á thabhairt isteach chun rannpháirtíocht mhéadaithe pobail agus cumhachtú méadaithe pobail a spreagadh, rud a bhfuil sé i gceist leis go n-oibríonn gach cuid den phobal le chéile chun mothúcháin agus eispéiris sábháilteachta níos mó a chothú i gceantair ar fud na hÉireann.

Tá an Beartas Sábháilteachta Pobail mar chuid d'athrú bunúsach atá ar siúl faoi láthair maidir le conas a dhéanfar beartas an rialtais i ndáil le sábháilteacht pobail a chur i ngníomh agus a chur chun feidhme. Leis an gcur chuige "uile-rialtais" sin, leagfar díriú na seirbhísí rialtais iomchuí uile ar chosc agus ar luath-idirghabhálacha. Is féidir le cur chuige comhroinnte i leith réiteach fadhbanna a chinntiú nach dtiocfaidh cásanna a d'fhéadfadh a bheith dochrach chun cinn in aon phobal ar leith. Maidir le cosc dochair agus idirghabhálacha a dhéanamh go réamhghníomhach, ba cheart don tseirbhís atá sa riocht

is fearr chun iad a dhéanamh iad a dhéanamh, agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach comhleanúnach comhtháite le seirbhísí eile.

Beidh aiseolas, foghlaim agus athbhreithniú leanúnach mar ghné de chur i bhfeidhm an chur chuige nua i leith sábháilteacht pobail mar atá leagtha amach i bhFíor 1 thíos:

**Céim 1: Treoirchéim (2021-2024**

- Treoir-CSPAnna – Baile Átha Cliath, Port Láirge, an Longfort
- Treoir-CSPAnna a athbhreithniú agus a mheas, 2024
- An Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2023, a thionscnamh
- Ullmhú don Oifig Náisiúnta

**Céim 2: Bunú (2025-2027)**

- An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024
- An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail
- Grúpa Stiúrtha
- CSPAnna a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú ar an gCiste um Shábháilteacht Pobail, 2025
- An Straitéis Náisiúnta 2026-2030
- Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla na CSPAnna 2026-2029

**Céim 3: Céim Eatramhach (2028-2029)**

- Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta, deireadh 2028
- Athbhreithniú ar Shamhail na gCSPAnna , 2028
- An 2ú sraith de Phleananna Áitiúla na gCSPAnna 2029-2031 a sheoladh

**Céim 4: Athbhreithniú agus Athnuachan (2030-2032)**

- Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta, 2031
- Athbhreithniú ar Shamhail na gCSPAnna , 2031
- An 2ú Straitéis Náisiúnta 2032-2037 a fhoilsiú
- An 3ú sraith de Phleananna Áitiúla 2032-2034 a sheoladh

Fíor 1: Céimeanna soláthair sa chur chuige nua i leith sábháilteacht pobail

## 1.2. An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024

Moladh breise sa Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn ba ea gur cheart an cur chuige nua sin i leith sábháilteacht pobail a bhunú sa reachtaíocht. Tugtar aghaidh leis an moladh sin san Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, a tosaíodh an 2 Aibreán 2025. Baineann Cuid 3 den Acht seo le sábháilteacht pobail agus foráiltear léi do bhonneagar áitiúil agus náisiúnta a bhunú chun tacú leis an gcur chuige nua i leith sábháilteacht pobail, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

## 1.3. Bonneagar Náisiúnta Sábháilteachta Pobail

Leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 ('an tAcht'), foráiltear do roinnt príomhstruchtúr agus príomhuirlisí chun tacú leis an mBeartas Sábháilteachta Pobail agus le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla:

- **Straitéis náisiúnta le haghaidh sábháilteacht pobail a fheabhsú**: tacú le comhlachtaí poiblí agus le pobail agus iad ag obair le chéile chun sábháilteacht pobail a fheabhsú. Chomh maith leis sin, soláthrófar leis an straitéis creat beartais uileghabhálach agus clár gníomhartha, rud a bheidh mar bhonn agus thaca ag cur chuige uile-rialtais i leith sábháilteacht pobail. Samhlaítear go ndéanfar an straitéis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thosach feidhme an Achta.

- **Coiste ainmnithe de chuid an Rialtais**: féadfar é a bhunú chun formhaoirseacht agus cuntasacht pholaitiúil ardleibhéil a sholáthar don Rialtas.

- **Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail**: ceannaireacht shinsearach agus stiúradh sinsearach a sholáthar le haghaidh an straitéis náisiúnta a chur chun feidhme agus le haghaidh comhar idirghníomhaireachta a chothú. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe atá ar leibhéal an Rúnaí Chúnta, nó ar leibhéal coibhéiseach, ó chomhlachtaí iomchuí Rialtais (atá liostaithe i gCuid 3 den Acht) agus ó ghníomhaireachtaí iomchuí (atá liostaithe sna rialacháin don Ghrúpa Stiúrtha), rud a thacaíonn le tiomantas an Rialtais don chur chuige nua sin.

- **Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail**: stiúradh straitéiseach a chur le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, agus oiliúint, treoir agus tacaíochtaí eile a sholáthar dóibh; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna sábháilteachta pobail áitiúla; taighde agus meastóireachtaí a chothú, a sheoladh nó a choimisiúnú maidir le hoibriú na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Is ar fáil anseo atá tuilleadh faisnéise faoi fheidhmeanna na hOifige Náisiúnta agus faoin dóigh a dtacóidh sí le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.
- **Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla**: beidh siad freagrach as na seirbhísí iomchuí stáit uile agus an pobal a thabhairt le chéile ar leibhéal an údaráis áitiúil agus imreoidh siad ról lárnach in aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin atá os comhair pobail ar fud na tíre. Feidhmeoidh na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta sin mar ardáin chomhoibríocha a thabharfaidh seirbhísí iomchuí stáit, ionadaithe pobail agus geallsealbhóirí le chéile chun ábhair imní sábháilteachta áitiúla a shainaithint agus chun tús áite a thabhairt dóibh, chun pleananna sábháilteachta pobail áitiúla a fhorbairt, agus chun iarrachtaí ilghníomhaireachta a chomhordú chun aghaidh a thabhairt orthu. Bunófar 36 Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúla i ngach limistéar údaráis áitiúil, lena n-áireofar cúig cinn i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dhá cheann i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall.

## 1.4. Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Chun ullmhú don Acht, rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an cur chuige nua comhpháirtíochta sin i leith sábháilteacht pobail a thriail i dtrí limistéar ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2024, eadhon Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, an Longfort, agus Port Láirge, chun triail a bhaint as an dóigh ar féidir leis an tsamhail rath a bhaint amach i suíomhanna agus comhthéacsanna difriúla. Rinneadh faireachán agus meastóireacht neamhspleách ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta sin agus foilsíodh tuarascálacha bonnlíne, eatramhacha agus deiridh. Le linn na treoirchéime sin, rinne gach ceann de na treoir-Chomhpháirtíochtaí Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a fhorbairt agus a sheoladh go rathúil agus obair i dtreo iad a chur chun feidhme. Is féidir amharc ar na Pleananna sin anseo.

Fuarthas amach sa mheastóireacht neamhspleách go n-oireann Samhail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta go maith don tsábháilteacht pobail mar fhreagracht uile-rialtais a bhfuil guth agus rannpháirtíocht an phobail mar ghné lárnach di. De bhreis air sin, tarraingíodh aird sa mheastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí go bhfuil obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta ag teacht le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 ó na Náisiúin Aontaithe: sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, rochtain a sholáthar ar an gceartas do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a thógáil ar gach leibhéal.

Baineadh leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na treoir-Chomhpháirtíochtaí sin agus ó na meastóireachtaí neamhspleácha agus an doiciméad seo á chur le chéile.

### 1.5. Comhchoistí Póilíneachta

Foráladh le hAcht an Gharda Síochána, 2005, do Chomhchoistí Póilíneachta a bhunú i ngach limistéar riaracháin údaráis áitiúil. Bhí Comhchoistí Póilíneachta ina bhfóram tiomnaithe chun tacú le comhairliúchán, comhar agus sineirge ar shaincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir an Garda Síochána, oifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Ar thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail an 2 Aibreán 2025, aisghaireadh Acht an Gharda Síochána, 2005.

Tagann Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta in ionad na gComhchoistí Póilíneachta agus cuirfidh siad leis an dea-obair a rinneadh trí Chomhchoistí Póilíneachta trí raon níos leithne geallsealbhóirí a thabhairt le chéile. Áireofar leo sin comhairleoirí áitiúla, an Garda Síochána, cónaitheoirí áitiúla, ionadaithe pobail, ionadaithe gnó agus oideachais, agus gníomhaireachtaí reachtúla éagsúla, lena n-áireofar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Tusla agus an t-údarás áitiúil.

## 2. Cuspóir an doiciméid seo

Forbraíodh an doiciméad seo chun tacú le bunú agus oibriú Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, rud dá bhforáiltear in ailt 114 go 116 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail. Rialaítear leis na rialacháin faoi alt 114 den Acht (I.R. 279/2025) conas a oibreoidh siad. Ba cheart an doiciméad treorach seo a léamh i gcomhar leis na rialacháin sin, dá bhrí sin.

Tá sé mar aidhm leis an treoir soiléire agus treoracha a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta, agus an lánrogha á tabhairt dóibh forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar shocruithe ina gcuirtear imthosca áitiúla agus riachtanais sábháilteachta pobail áitiúla san áireamh. Tá sí bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht neamhspleách ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí agus ar dhoiciméid eile, lena n-áirítear Beartas Sábháilteachta Pobail na Roinne Dlí agus Cirt agus Gnóthaí Baile, na Treoirlínte le haghaidh Comhchoistí Póilíneachta ón Údarás Póilíneachta, na Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le hOibriú na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG), agus Luachanna agus Prionsabail RFTPG le haghaidh Comhoibriú agus Obair Chomhpháirtíochta leis an Earnáil Pobail agus Dheonach. Aithníodh sa mheastóireacht deiridh ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí gur phróiseas dinimiciúil eispéireasach a bheidh i gcur i ngníomh na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Dá bhrí sin, is doiciméad beo é seo agus is féidir go nuashonrófar é ó am go ham chun athruithe sa bheartas agus sa chomhthéacs oibríochtúil a léiriú.

## 3. Feidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Tá feidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta liostaithe in alt 116 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, agus tá siad mar a leanas:

**Feidhmiú mar fhóram plé:** feidhmiú mar ardán le haghaidh ábhair imní sábháilteachta pobail a phlé agus le haghaidh cineálacha comhordaithe cur chuige a fhorbairt i leith sábháilteacht pobail a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil.

**Pleananna sábháilteachta pobail áitiúla a fhorbairt gach trí bliana:** plean sábháilteachta pobail áitiúil a fhorbairt agus a ghlacadh gach trí bliana. Ní mór an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (nuair a bheidh sí ar fáil) agus aon treoir ón Oifig Náisiúnta a chur san áireamh sna pleananna.

**Próiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla:** comhairliúcháin phoiblí a sheoladh chun tosaíochtaí agus cuspóirí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a shainaithint le linn an Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhorbairt.

**Pleananna sábháilteachta pobail áitiúla a chur chun feidhme:** faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna Sábháilteachta Pobail ar bhonn leanúnach i gcomparáid le tagarmharcanna nó táscairí cuí.

**Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean:** athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sábháilteachta pobail uair amháin ar a laghad i saolré an phlean agus, tar éis an athbhreithnithe sin, an plean a leasú de réir mar is cuí.

**Comhoibriú le geallsealbhóirí:** comhoibriú agus comhordú le geallsealbhóirí iomchuí i ndáil le gníomhartha faoi Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil, faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail arna dhéanamh de bhun alt 66B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus faoi aon phleananna eile atá iomchuí dá limistéar feidhme.

**Tuairimí a thabhairt ar phleananna póilíneachta áitiúla:** i gcás go mbeidh plean póilíneachta áitiúil atá iomchuí do limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta á ullmhú, nó gur ullmhaíodh plean den sórt sin, tuairimí a thabhairt ar an ullmhúchán sin nó ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme aon phlean den sórt sin don oifigeach rannáin iomchuí don rannán den Gharda Síochána nó don chuid de lena mbaineann an plean.

**Cruinnithe poiblí a óstáil:** cruinnithe poiblí a óstáil maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht pobail ina limistéar feidhme.

**Fóraim Sábháilteachta Pobail Áitiúla:** tacú le fóraim sábháilteachta pobail comharsanachta áitiúla limistéarbhunaithe agus iad a chomhordú i limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, i gcás gur cuí.

**Tuairisciú:** tuarascáil bhliantúil, agus aon tuarascálacha eile den sórt sin a éilítear, a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

## 4. Cuspóirí agus Torthaí

Beidh cuspóirí agus torthaí beartaithe na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla mar a leanas:

- tús áite a thabhairt do shaincheisteanna arna sainaithint ag an bpobal mar ábhair imní sábháilteachta;
- rannpháirtíocht agus ionadaíocht an phobail ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chinntiú;
- Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhorbairt a léireoidh na tosaíochtaí arna sainaithint ag an bpobal;
- feabhas a chur ar chomhoibriú ilghníomhaireachta i limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta;
- cur le muinín an phobail as soláthraithe seirbhíse; agus
- soláthraithe seirbhíse a choimeád cuntasach don phobal maidir leis na gníomhartha comhaontaithe arna sainaithint sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chomhlíonadh.

## 5. Treoirphrionsabail

1. **Cur Chuige Uile-Rialtais**

Cur chuige Uile-Rialtais atá nasctha le straitéisí agus struchtúir eile rialtais náisiúnta agus áitiúil chun díriú na seirbhísí rialtais uile lena mbaineann a leagan ar shábháilteacht pobail, go háirithe ar chosc agus ar luath-idirghabhálacha. Ba cheart an díriú a bheith ar réitigh chomhtháite iomlánaíocha a fhorbairt i leith saincheisteanna sábháilteachta pobail, ar acmhainní a chur le chéile agus ar dhea-chleachtais a roinnt.

2. **Comhoibriú agus Comhpháirtíocht**

Ba cheart d’eagraíochtaí pobail agus do ghníomhaireachtaí rialtais obair le chéile i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil agus lena eagraíochtaí ionadaíocha chun tús áite a thabhairt do shaincheisteanna ina limistéar féin agus chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Tá tuilleadh mionsonraí faoin bprionsabal arb éard é cur chuige comhoibríoch comhpháirtíochta a ghlacadh ar fáil anseo.

### 3. Dochar a Chosc

Is é atá i gceist le haghaidh a thabhairt ar bhunchúis na coireachta ná dul i ngleic leis na saincheisteanna agus na míbhuntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus struchtúracha bunúsacha a rannchuidíonn le pobail a bheith neamhshábháilte nó a bheith ag mothú go bhfuil siad neamhshábháilte. Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta féachaint le tús áite a thabhairt do ghníomhartha lena gcuirtear cosc ar dhochar agus lena dtugtar aghaidh go réamhghníomhach ar phríomh-shaincheisteanna bunúsacha. Leis sin, cumasófar freagairt chomhordaithe agus éifeachtach.

### 4. Tacaíocht Spriocdhírithe do Phobail faoi Mhíbhuntáiste

Is minic a fhulaingíonn pobail i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch torthaí atá diúltach go díréireach i ndáil le sábháilteacht pobail. Is dóichí go mbeidh tionchar orthu ag na príomh-shaincheisteanna bunúsacha a rannchuidíonn le pobail a bheith neamhshábháilte nó a mhothú go bhfuil siad neamhshábháilte, amhail bochtaineacht, imeallú, bonneagar neamh-leordhóthanach agus rochtain theoranta ar sheirbhísí. Is príomhchuspóir de chuid na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla é tacaíocht spriocdhírithe fhianaisebhunaithe a sholáthar do na pobail sin, agus é mar aidhm acu timpeallachtaí sábháilte agus cuimsitheacha a chothú do theaghlaigh, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí áitiúla.

### 5. Cur Chuige Rannpháirtíoch

Tá cur chuige rannpháirtíoch fréamhaithe sa chreideamh go bhfuil sé de cheart ag pobail a gcuid riachtanas agus leasanna féin agus na freagraí is gá chun freastal ar na riachtanais sin a shainaithint. Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla próisis agus sásraí a fhorbairt chun tacú le cuimsiú agus rannpháirtíocht an phobail éagsúil ar fad agus chun tacú le comhairliúchán fiúntach leis. Is uirlis an-úsáideach í an Guide for Inclusive Community Engagement in Local Planning and Decision Making ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta nuair atáthar ag pleanáil cur chuige rannpháirtíoch i leith rannpháirtíocht an phobail. Pléitear cur chuige rannpháirtíoch i leith rannpháirtíocht an phobail tuilleadh sa doiciméad seo anseo.

6. **Cuimsiú Sóisialta**

Bíonn pleanáil rannpháirtíoch éifeachtach agus fhiúntach ag brath ar rannpháirtíocht na ndaoine sin arb iad a nguthanna na guthanna is imeallaithe. Is minic a bhíonn an tionchar is mó orthu ag na cinntí sin nach gcuirtear a n-eispéiris agus a n-ábhair imní san áireamh iontu. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh guth láidir ag pobail atá imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste i gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Ba cheart é sin a léiriú i gcomhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta agus sna sásraí atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le daoine agus grúpaí atá eisiata ó thaobh cúrsaí sóisialta de páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcinnteoireacht.

7. **Cuntasacht**

Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse a bheith cuntasach don phobal as gníomhartha comhaontaithe a chomhlíonadh. Tá pobail agus daoine den phobal ina rannpháirtithe gníomhacha i bhfreagairtí sábháilteachta pobail a shainaithint agus a sholáthar agus, dá bhrí sin, tá siad cuntasach as gníomhaíocht a chur i gcrích freisin. Ní mór do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla iad féin mar chomharghrúpa, eagraíochtaí is comhaltaí, agus geallsealbhóirí eile a choimeád cuntasach as na gníomhartha sin a chur i ngníomh.

8. **Cur Chuige Fianaisebhunaithe**

Ba cheart a chinntiú go dtreorófar cinntí agus gníomhartha le fianaise agus le hionchur ó chomhaltaí pobail, agus na cinntí sin a bhunú ar na sonraí atá ar fáil le linn eolas stairiúil agus reatha an phobail agus a gheallsealbhóirí a chur san áireamh.

9. **Meas ar Thaithí agus Rannchuidiú na gComhaltaí Uile agus Aitheantas don Taithí agus Rannchuidiú sin**


Ba cheart aitheantas a thabhairt don taithí agus don rannchuidiú a thugann gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta leo agus ba cheart meas a thabhairt ar an taithí agus ar an rannchuidiú sin, agus ba cheart cineálacha cur chuige a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bhaineann leas as láidreachtaí agus saineolas gach comhalta.

## 6. Comhaltas

Ceann amháin de na boinn leis an gcur chuige comhpháirtíochta is ea go bhfuil gach pobal difriúil agus go bhfuil fadhbanna agus saincheisteanna difriúla acu. Ba cheart an comhaltas a chumrú chun go n-áiritheofar an ionadaíocht is leithne do leasanna na

hearnála sábháilteachta pobail, do leasanna déimeagrafacha agus do leasanna pobail i limistéar riaracháin na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla, agus chun go mbainfear na torthaí sábháilteachta pobail is fearr amach don limistéar sin.

### 6.1. Struchtúr na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla




Fíor 1

Tá croístruchtúr na Comhpháirtíochta Sábháilteachta leagtha amach i bhFíor 1 thuas.

Beidh 30 comhalta ar a mhéad ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta.

Ní bheidh imeachtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla neamhbhailí mar gheall ar aon fholúntas nó folúntais i measc a comhaltaí chomh fada agus is féidir le cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta an córam a chomhlíonadh de réir na dTéarmaí Tagartha comhaontaithe.

Is é an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a cheapann na comhaltaí uile de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

### 6.2. Comhaltaí Údaráis Áitiúil

- Seachtar comhaltaí tofa de limistéar riaracháin an údaráis áitiúil, a bheidh ainmnithe ag comhaltaí na comhairle sin.

Tá ról ríthábhachtach le himirt ag comhaltaí údaráis áitiúil i gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, ní hamháin maidir le riachtanais agus ábhair imní na ndaoine ina dtoghcheantar a léiriú, ach freisin maidir le saincheisteanna, tosaíochtaí agus idirghabhálacha na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chur in iúl don chomhairle i gcoitinne agus don phobal.

Ba cheart don údarás áitiúil, dá bhrí sin, a chinntiú go léireoidh ainmniúcháin chuig an gcomhpháirtíocht iomláine na hionadaíochta tofa ar an gcomhairle iomlán, agus aird á tabhairt ar éagsúlacht, lena n-áirítear éagsúlacht inscne. A mhéid is indéanta, ba cheart na hainmniúcháin sin a bheith ionadaíoch do gach ceantar bardasach laistigh de limistéar an údaráis áitiúil agus, in údaráis áitiúla nach bhfuil aon cheantair bhardasacha acu, ba cheart iad a bheith ionadaíoch do gach ceann de na limistéir a gcumhdaíonn an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta iad.

### 6.3. Comhlachtaí earnála poiblí

Is ann do cheithre chomhlacht earnála poiblí atá ainmnithe sna rialacháin do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla le haghaidh comhaltas éigeantach: an t-údarás áitiúil iomchuí, an Garda Síochána; FSS; agus Tusla.

Leis na rialacháin, cuirtear oibleagáid ar an gcomhlacht ainmniúcháin a chinntiú go mbeidh an chéim chuí agus an tsinsearacht chuí ag a gceapaithe. Gheobhaidh an Oifig Náisiúnta na hainmniúcháin sin go lárnach lena gceapadh ag an Aire. Comhroinnfidh an

Oifig Náisiúnta mionsonraí na n-ainmnithe le Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla.
Tá sé molta ag na comhlachtaí iomchuí go n-ainmneoidh siad daoine aonair a mbeidh an chéim/an tsinsearacht thíos acu:

- Fostaí d'údarás áitiúil an limistéir riaracháin lena mbaineann ar leibhéal an Stiúrthóra Seirbhíse a bheidh ainmnithe ag príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil, nó ag Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh;
- Cibé líon comhaltaí den Gharda Síochána ar leibhéal an Cheannfoirt Pobail a bheidh ainmnithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána;
- Ball foirne amháin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar leibhéal an Bhainisteora Limistéir Sláinte Comhtháite a bheidh ainmnithe ag príomhoifigeach feidhmiúcháin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus
- Ball foirne amháin den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar leibhéal an Bhainisteora Limistéir a bheidh ainmnithe ag príomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.

### 6.4. Comhaltaí eile

Ainmnítear gach comhalta eile den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil tríd an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail chuig an Aire lena gceapadh bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(a) déanann siad ionadaíocht do chomhlachtaí pobail agus deonacha áitiúla,
(b) déanann siad ionadaíocht do leasanna an phobail áitiúil, nó
(c) tá taithí nó saineolas iomchuí acu ar shlí eile,

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil iomchuí, Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, nó a mbaill foirne tharmligthe, socruithe chun ainmnithe a shainaithint agus a áirithiú agus iad a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta lena gceapadh ag an Aire.

Ba cheart struchtúr comhaltais beartaithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a bheith ar áireamh ina Téarmaí Tagartha. Tá teimpléad le haghaidh Téarmaí Tagartha ar fáil le hamharc air anseo.

Ar a laghad, beidh na daoine seo a leanas i measc na n-ainmnithe:

- Ceathrar ionadaithe do chónaitheoirí áitiúla*
- Ionadaí óige amháin
- Ionadaí amháin do phobail mhionlaigh/nua
- Ionadaí cuimsithe shóisialta amháin ón earnáil pobail agus dheonach
- Ionadaí oideachais amháin°
- Ionadaí gnó amháin†

Is féidir le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail ról tábhachtach a imirt in ionadaithe pobail a earcú agus ba cheart iad a mheas a bheith ar an sásra is oiriúnaí chuige sin.

Ina theannta sin, is amhlaidh, agus ionadaithe pobail á roghnú don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta, go háirithe cónaitheoirí, ba cheart aird chuí a thabhairt ar mhór-chomhthéacs socheacnamaíoch limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar thosca amhail leibhéil mhíbhuntáiste, eisiamh sóisialta, agus comhdhéanamh déimeagrafach an phobail. Tá tábhacht ar leith ag baint lena mheasúnú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i gcás grúpaí áirithe sa phobal ar féidir go mbeidh drochthionchar ag saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht pobail orthu, atá siad faoi thearcionadaíocht i struchtúir áitiúla chinnteoireachta. Is féidir go n-áireofar leo sin daoine óga, pobail nua agus mhionlaigh, daoine ó chúlra mionlaigh eitnigh, daoine a bhfuil míchumas orthu, daoine LADTAI, agus na daoine sin atá thíos le míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch.

I gcás go mbeidh sé sin amhlaidh, ba cheart iarrachtaí gníomhacha a dhéanamh a chinntiú go ndéanfar daoine den phobal atá faoi thearcionadaíocht a chloisteáil agus a léiriú sa Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Is féidir go n-éileofar leis sin for-rochtain spriocdhírithe ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí pobail i limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a bhfuil bacainní struchtúracha orthu ó thaobh rannpháirtíochta de. Sa Guide for Inclusive Community Engagement in Local Decision Making and Planning ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, luaitear an-chuid de na bacainní struchtúracha sin agus moltar cineálacha cur chuige i leith iad a shárú.

*Is iad cónaitheoirí áitiúla ná daoine a chónaíonn laistigh de limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Ba cheart ionadaithe a roghnú chun ionadaíocht

leathan a dhéanamh don limistéar geografach agus do leasanna/saincheisteanna déimeagrafacha agus pobail sa limistéar. D’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar chónaitheoirí a ainmniú bunaithe ar shaincheist(eanna) sábháilteachta pobail sa limistéar agus ar an sainordú atá acu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den sórt sin.

†Má tá roinnt eagraíochtaí ann atá ag déanamh ionadaíocht do leasanna gnó i limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta – e.g., Comhlachais Tráchtála, Ceantair Feabhsúcháin Gnó, agus Cumainn Trádálaithe – d’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar na heagraíochtaí sin ionadaí a ainmniú le chéile. De rogha air sin, d’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag saincheisteanna sábháilteachta pobail ar a gcomhaltais chomhpháirte agus ar an léargas a d’fhéadfadh a n-eagraíocht ionadaíoch a thabhairt ar na saincheisteanna sábháilteachta pobail sin.

°Agus ionadaí oideachais á shainaithint aici, ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta breithniú a dhéanamh ar na léargais a d’fhéadfadh an t-ionadaí sin a bheith in ann a thabhairt ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht pobail. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar an dóigh a nascfaidh an t-ionadaí ar ais le comhghleacaithe san earnáil iomchuí/sna hearnálacha iomchuí agus leis an bpobal oideachais i gcoitinne. Is féidir ionadaithe oideachais a roghnú ó éagsúlacht comhlachtaí agus institiúidí áitiúla oideachais. I measc na gcomhaltaí de na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta bhí ionadaithe oideachais ó bhunscoileanna, ó mheánscoileanna, ó institiúidí tríú leibhéal agus ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

§Is é is ionadaí óige ann ná duine ar féidir leis nó léi ionadaíocht a dhéanamh do riachtanais, tuairimí agus taithí na ndaoine óga atá ina gcónaí i limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Sa chás is fearr, bheadh an duine sin ina dhuine óg nó ina duine óg a bheadh faoi bhun 25 bliana d’aois agus a mbeadh taithí fíorshaoil aige nó aici ar an gcomhthéacs áitiúil. Mura bhfuil sé sin indéanta, áfach, féadfaidh oibrí óige comhlíonadh a dhéanamh ar an ról arb éard é ionadaíocht a dhéanamh go barántúil do riachtanais na ndaoine óga sa Chomhpháirtíocht Sábháilteachta. I gcás go nglacfaidh daoine óga faoi bhun 18 mbliana d’aois páirt i bpróisis Comhpháirtíochta Sábháilteachta, lena n-áirítear i gcomhaltas, ní mór nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí agus le

leas leanaí a chur chun feidhme chun spás sábháilte a chinntiú do na daoine óga lena mbaineann.

Tá solúbthacht shuntasach ann maidir leis an ionadaíocht bhreise a léiríonn limistéar riaracháin na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla agus riachtanais sábháilteachta pobail an limistéir sin ar an mbealach is fearr. Tá sé tábhachtach go mbeadh guthanna gníomhacha agus ionadaíocha pobail ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Dá bhrí sin, ba cheart an comhaltas a ualú i bhfabhar an phobail, i gcás gur féidir. Ina theannta sin, ba cheart solúbthacht a chur ar áireamh sa tsamhail ionadaíochta chun go mbeifear in ann athbhreithniú tréimhsiúil agus coigeartuithe tréimhsiúla a dhéanamh, rud a chinnteoidh go leanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta le riachtanais athraitheacha agus athruithe déimeagrafacha an limistéir a léiriú.

**Samplaí d'ionadaíocht bhreise**

Cé go raibh comhaltas na dtrí threoir-Chomhpháirtíocht comhchosúil den chuid is mó, bhí difríochtaí beaga ann chun freastal ar phróifíl na déimeagrafaice áitiúla agus ar riachtanais sábháilteachta pobail sa limistéar sin. Mar shampla, rinneadh soláthar go follasach sna téarmaí tagartha i gceann amháin de na treoir-Chomhpháirtíochtaí do "ionadaí feirmeoireachta amháin a bheidh ainmnithe ag an gcolún feirmeoireachta" agus do "ionadaí amháin ón Lucht Siúil", agus rinneadh soláthar sna téarmaí tagartha i dtreoir-Chomhpháirtíocht eile d'ainmní ón tSeirbhís Phromhaidh.

Imríonn Cuideachtaí Forbartha Áitiúla príomhról forbartha pobail ina lán réimsí agus, mar sin de, ba cheart iad a bhreithniú ó thaobh ionadaíochta de. An Local Development Network CLG, arb é an comhlacht ionadaíoch do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla na hÉireann é, liostaíonn sé gach ceann de na 49 ngrúpa neamhbhrabúis ar comhaltaí de iad.

Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar ionadaithe ó sheirbhísí agus ó eagraíochtaí a bhfuil sainchúram sábháilteachta pobail acu agus atá ag oibriú i limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chur ar áireamh, amhail Tascfhórsaí Réigiúnacha nó Áitiúla Drugaí agus Alcóil, agus seirbhísí Foréigin Baile, Ghnéasaigh agus Inscnebhunaithe, agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh. Ba cheart breithniú a dhéanamh

freisin ar struchtúir a dhéanann ionadaíocht do dhéimeagrafaigh shonracha amhail Comhairlí Daoine Scothaosta agus Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. D'fhéadfadh gur ghá freisin breithniú a dhéanamh ar an mbaint atá ag obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta le hobair na struchtúr amhail an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) ó thaobh ionadaíocht comhaltaí de.

I gcás go mbeidh ionadaíocht faighte ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta ó dhuine óg atá faoi bhun 25 bliana d'aois, d'fhéadfadh siad breithniú a dhéanamh freisin ar phost comhaltais breise a leithdháileadh ar ionadaí earnála, go háirithe dá mbeadh sainordú faighte acu ó chomhghleacaithe laistigh den earnáil áitiúil seirbhísí óige.

Ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a chumhdaíonn na contaetha oileáin áitrithe (Dún na nGall, Maigh Eo, Corcaigh, Ciarraí agus Gaillimh) breithniú a dhéanamh ar ionadaithe ó na hoileáin a chur ar áireamh. D'fhéadfadh siad déanamh amhlaidh i bhfoghrúpa/grúpa oibre de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, mar shampla. Moltar go ndéanfadh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta iomchuí caidreamh le hAonad na nOileán sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta chun féachaint le hionadaíocht chuí a áirithiú.

### 6.5. Cothromaíocht inscne agus éagsúlacht

Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla féachaint le bheith ionadaíoch do na pobail éagsúla ina limistéar feidhme. Áirítear leis sin aird chuí a thabhairt ar chothromaíocht inscne agus ar éagsúlacht sa chomhaltas agus sna limistéir gheografacha éagsúla sa limistéar feidhme. Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta déimeagrafaic a limistéir áitiúil a chur san áireamh freisin – lena n-áirítear daoine a bhfuil míchumas orthu; daoine LADTAI+; Pobail Nua agus Mionlaigh; Eitneacht; Pobail Tuaithe/Uirbeacha; Inscne; Éagsúlachtaí Sláinte/Socheacnamaíocha, etc. Tá gach pobal difriúil agus ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta dúshlán a thabhairt di féin a chinntiú go mbeidh ionadaíocht á déanamh don phobal éagsúil ar fad ina comhaltas nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, go ndéantar iarrachtaí a chinntiú go dtabharfar deis dóibh siúd nach bhfuil ionadaíocht á déanamh dóibh a dtuairimí a chur in iúl agus a bheith cloiste a bhealaí eile.

A mhéid is mó is féidir, ba cheart cloí leis an gcuspóir arb éard é cothromaíocht inscne 40% ar a laghad a bhaint amach agus ba cheart cloí leis an ngá atá le cuimsitheacht

shóisialta agus comhionannas a chothú sna próisis le haghaidh ainmnithe a roghnú a n-eagraíonn an t-údarás áitiúil iad.

### 6.6. Comhaltaí a Cheapadh[1]

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí beartaithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta le cur ar aghaidh chuig an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail ag comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an teimpléad atá tugtha.

Déanfaidh Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta athbhreithniú ar na comhaltaí beartaithe agus ansin ainmneoidh sé nó sí iad don Aire lena gceapadh chuig an gComhpháirtíocht Sábháilteachta iomchuí.

Ní mór an próiseas sin a leanúint nuair a bheidh comhaltaí á gceapadh nó á gcur in ionad comhaltaí reatha sa todhchaí.

### 6.7. Ionduchtú na gComhaltaí

Tá liosta de na doiciméid atá molta le cur ar fáil i bpacáiste ionduchtúcháin do chomhaltaí ar fáil anseo. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar chruinniú ionduchtúcháin a thionól do chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta roimh an gcéad chruinniú iomlán de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta chun réamhrá agus forbhreathnú a thabhairt ar an struchtúr. D'fhéadfadh go gcabhródh sé sin leis an gcomhpháirtíocht fhoirmiúil a thosú go réidh, lena n-áireofaí toghadh an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh.

Is féidir le Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla an cheardlann sin a éascú agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh inti:

- gníomhaíocht 'bualadh le chéile' do chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta chun aithne a chur ar a chéile
- bunús an chur chuige nua i leith sábháilteacht pobail agus bunús shamhail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla
- feidhmeanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta de réir an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024

[1] Faoi réir Rialacháin faoi alt 114 den Acht

- treoirphrionsabail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta, mar atá leagtha amach sa doiciméad seo
- téarmaí tagartha beartaithe don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta
- faisnéis faoi ról an Chathaoirligh agus faoin bpróiseas toghcháin

### 6.8. Téarma an chomhaltais

- Ceapfar comhaltaí ar feadh téarma trí bliana.
- Féadfar comhaltaí a athcheapadh tar éis na tréimhse sin faoi réir an próiseas atá leagtha amach sa doiciméad treorach seo a bheith á leanúint.

### 6.9. Cur in ionad comhaltaí, agus comhaltaí d'éirí as

- **Comhaltas ex-officio:** Comhalta a cheaptar mar gheall ar phost sonrach a shealbhú agus a scoireann den phost sin a shealbhú, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.
- **Díroghnú comhaltaí:** Féadfaidh comhlacht ainmniúcháin a chomhalta ionadaíoch a dhíroghnú trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach, agus tiocfaidh sé sin in éifeacht ón dáta a bheidh sonraithe ar an bhfógra.
- **Comhaltaí d'éirí as:**
    - Féadfaidh comhalta éirí as a chomhaltas nó a comhaltas tráth ar bith. Ní mór fógra a thabhairt don Chathaoirleach i dtaobh an éirí as agus tiocfaidh an t-éirí as in éifeacht ón dáta a bheidh sonraithe ar an bhfógra nó ar an bhfógra a bheith faighte do Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, cibé acu is déanaí.
    - Má bhíonn comhalta as láthair ó thrí chruinniú as a chéile gan cúis leordhóthanach, féadfaidh an Cathaoirleach a iarraidh:
        - ar an gcomhalta sin éirí as mar chomhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, agus
        - ar chomhlacht ainmniúcháin an chomhalta ainmní ionaid a sholáthar don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.
    - Éireoidh comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta as arna iarraidh sin don Chathaoirleach ar chúiseanna sonraithe ar aon dul le hiompar ordúil na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

- **Comhaltas a athbhreithniú:** Ba cheart comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a bhainistiú go réamhghníomhach chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais, ach freisin chun ionadaíocht leathan agus oibriú éifeachtach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chinntiú. Ba cheart don Chathaoirleach, i gComhpháirt Sábháilteachta leis na comhaltaí eile, comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a athbhreithniú tráth nach lú ná gach trí bliana chun a chinntiú go léireoidh sí an déimeagrafaic áitiúil agus riachtanais sábháilteachta pobail fós.

Ba cheart do Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta fógra a thabhairt don Oifig Náisiúnta i dtaobh aon athruithe ar chomhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Déanfaidh Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta athbhreithniú ar chomhaltaí nua agus ansin ainmneoidh sé nó sí iad don Aire lena gceapadh chuig an gComhpháirtíocht Sábháilteachta.

# 7. An cathaoirleach agus an leaschathaoirleach

## 7.1. Ról an chathaoirligh

Beidh Cathaoirleach deonach, a bheidh tofa as measc chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, i gceannas ar gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta. Cuirtear in iúl dúinn ó na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí gur ról lárnach do rath na Comhpháirtíochta Sábháilteachta é sin, agus béim á leagan ar an bhfíric gur toisc ríthábhachtach taobh thiar de rath na Comhpháirtíochta Sábháilteachta iad cáilíochtaí amhail inniúlacht choibhneasta, eolas áitiúil, agus taithí ar phróisis Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta móra, ceannaireacht straitéiseach agus scileanna éascaithe. Ní mór don Chathaoirleach feidhmiú mar cheannaire neamhchlaonta na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, á chinntiú go bhfuil na comhaltaí uile ag gabháil don phróiseas comhpháirtíochta agus ag obair i dteannta a chéile chun torthaí sábháilteachta pobail a fheabhsú don limistéar. Ba cheart don Chathaoirleach for-rochtain réamhghníomhach a dhéanamh níos faide ná comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta freisin, agus scanadh léaslíne á dhéanamh ar an tírdhreach áitiúil chun caidreamh níos leithne leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil agus lena cuid oibre a spreagadh.

Forchoimeádann an tAire Dlí agus Cirt an ceart chun rialacháin a dhéanamh i ndáil leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh Cathaoirligh a cheapadh chuig an gComhpháirtíocht Sábháilteachta amach anseo.

Áirítear na nithe seo a leanas le róil agus freagrachtaí an Chathaoirligh:

- Ceannaireacht agus smaointeoireacht straitéiseach a sholáthar don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil;
- An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a stiúradh maidir le cinntí eolacha a dhéanamh agus le réitigh atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha an phobail a sholáthar;
- An plean sábháilteachta pobail áitiúil a chur chun feidhme i gcomhpháirt le seirbhísí pobail agus le seirbhísí poiblí;
- Feidhmiú mar thathantóir agus mar ionadaí don chomhpháirtíocht os comhair an phobail, na meán agus geallsealbhóirí eile de réir mar is cuí;
- Cabhrú le plé oscailte agus rannpháirtíocht iomlán ag comhaltaí maidir le gach ní a thagann os comhair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta;
- A chinntiú go dtarmligfear freagrachtaí chuig comhaltaí, chuig fochoistí agus chuig grúpaí oibre de réir mar is cuí; agus
- Cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, á chinntiú go dtionólfar cruinnithe agus go ndéanfar feidhmeanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chomhall de réir a treoirphrionsabal.

Tá tuairisc mhionsonraithe ar ról an Chathaoirligh ar fáil anseo. Ba cheart an rannán sin den treoir agus an tuairisc mhionsonraithe ar an ról a sholáthar do chomhaltaí beartaithe i dteannta na doiciméadachta ionduchtúcháin.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar iarraidh ar Chathaoirligh cheaptha dearbhú dearbhaithe a shíniú á rá go dtuigeann siad ról Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla agus go gcomhlíonfaidh siad é.

### 7.2. Ról an leaschathaoirligh

Is é ról an leaschathaoirligh cabhrú leis an gcathaoirleach a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh agus seasamh isteach don chathaoirleach nuair atá an Cathaoirleach as

láthair. Toghfar an leaschathaoirleach as measc chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta freisin.

## 7.3. Toghadh an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh

Beidh toghadh an Chathaoirligh ar an gcéad mhír ar chlár oibre an chéad chruinnithe fhoirmiúil de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla. Féadfaidh Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil iomchuí a fheidhmiú mar thionólaí an chruinnithe, agus é nó í ag oscailt an chruinnithe agus ag gairm an phróisis toghcháin.

**Ainmniúcháin:**

- Toghfaidh na comhaltaí de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cathaoirleach agus leaschathaoirleach as a measc, agus féadfaidh siad iad féin a ainmniú nó féadfaidh comhaltaí eile iad a ainmniú.
- I gcás nach mbeidh comhalta ainmnithe aige nó aici féin, beidh an t-ainmniúchán sin faoi réir chomhaontú an chomhalta sin.
- Ní mór ainmniúchán nó ainmniúcháin a chur isteach i scríbhinn chuig Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta tráth nach déanaí ná seachtain amháin roimh an toghchán. Ní mór mionsonraí a bheith in ainmniúchán nó in ainmniúcháin maidir leis an gcúis a bhfuil an comhalta á ainmniú nó á hainmniú, lena n-áirítear conas a chomhlíonfadh sé nó sí an ról mar atá leagtha amach sa Tuairisc ar Ról an Chathaoirligh, agus ba cheart iad a chur isteach ar fhoirm ainmniúcháin a bheidh soláthartha ag Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Tá teimpléad le haghaidh foirm ainmniúcháin ar fáil anseo.
- Scaipfidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ainmniúchán nó ainmniúcháin ar na comhaltaí tráth nach lú ná dhá lá roimh an toghchán.

**Feachtasaíocht:** Féadfaidh ainmnithe a bhfís agus a spriocanna don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a chur i láthair an chomhaltais iomláin.

**Vótáil:** Glacfaidh comhaltaí uile na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla páirt sa vótáil, a reáchtálfar le rúnbhallóid, a bheidh faoi bhainistiú Phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil agus Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta, agus iad ag caitheamh a vóta ar son duine **amháin** de na hiarrthóirí ainmnithe.

**Vótaí a Chomhaireamh:** Déanfar na hiarrthóirí a mbeidh tromlach na vótaí faighte acu a fhógairt agus a cheapadh mar an Cathaoirleach/an Leas-Chathaoirleach.

**I gcás comhionannas vótaí:** Tá sé de chumhacht ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta a chinneadh cad ba cheart a dhéanamh i gcás comhionannas vótaí. I measc na sásraí molta tá babhta eile vótála a sheoladh, crainn a chaitheamh, agus iarrthóireacht a tharraingt siar.

**Fógra a Thabhairt don Oifig Náisiúnta:** Tabharfaidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta fógra don Oifig Náisiúnta i dtaobh na dtorthaí ar thoghchán le haghaidh ról an chathaoirligh agus/nó an leaschathaoirligh laistigh de sheachtain amháin ó chríochnú an toghcháin.

### 7.4. Téarma oifige don chathaoirleach agus don leaschathaoirleach

Fónfaidh an Cathaoirleach agus/nó an Leas-Chathaoirleach sna poist sin ar feadh tréimhse trí bliana tar éis a ndáta ceapacháin.

Féadfar an Cathaoirleach agus/nó an Leas-Chathaoirleach, faoi réir vóta tromlaigh na gcomhaltaí eile, a cheapadh chun fónamh ar feadh téarma trí bliana as a chéile amháin eile sa ról sin.

### 7.5. An cathaoirleach/an leaschathaoirleach d'éirí as

Féadfaidh an cathaoirleach agus an leaschathaoirleach éirí as a bpost tráth ar bith, faoi réir fógra i scríbhinn dhá sheachtain roimh ré a thabhairt do chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta agus don Oifig Náisiúnta araon.

### 7.6. An cathaoirleach/an leaschathaoirleach a chur as a phost nó as a post

Féadfaidh an tAire cathaoirleach, leaschathaoirleach nó comhalta eile de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a chur as a phost nó a post ar chúiseanna sonraithe, mar a bheidh leagtha amach i míniú scríofa ón Aire.

### 7.7. Folúntas i bpost an chathaoirligh/an leaschathaoirligh

Más rud é go bhfuil poist an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh folamh, nó mura bhfuil an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach in ann go sealadach a bpost a chomhlíonadh ar chúis ar bith, féadfaidh na comhaltaí comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a thoghadh chun a ndualgais a chomhlíonadh:

a) Go dtí go mbeidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach nua tofa nó
b) Go dtí go mbeidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach in ann a ndualgais a atosú

## 8. Tacaíochtaí riaracháin agus eile

### 8.1. Baill foirne bhuana

Gheobhaidh gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta tacaíocht ó Chomhordaitheoir Sábháilteachta Pobail tiomnaithe, arb Oifigeach Riaracháin ar Ghrád VII é nó í, agus ó Riarthóir, arb é Oifigeach Cúnta Foirne ar Ghrád IV é nó í. Maidir leis an dá cheann de na poist bhuana sin, cisteoidh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce iad agus beidh siad lonnaithe laistigh de gach Údarás Áitiúil.

Tacóidh an **Comhordaitheoir Sábháilteachta Pobail** leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta ina cuid oibre chun grúpa éagsúil gníomhaireachtaí agus cónaitheoirí a thabhairt le chéile chun comhphleanáil agus comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí don phobal. Ceann de na príomhnithe a ndíreofar orthu a bheidh i dtionscadail sábháilteachta pobail a dhearadh agus a sholáthar sa limistéar údaráis áitiúil iomchuí. Beidh an Comhordaitheoir ina phríomhcheann tiomána nó ina príomhcheann tiomána le haghaidh obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Déanfaidh sé nó sí formhaoirseacht ar líonra, a fheidhmeoidh mar mhol don phobal áitiúil i ndáil le sábháilteacht pobail. Feidhmeoidh an Comhordaitheoir mar thacaíocht do chomhaltaí pobail chun tosaíochtaí áitiúla a shainaithint agus rochtain a fháil ar sheirbhísí iomchuí, chomh maith le cabhrú leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil plean sábháilteachta pobail áitiúil a dhréachtú agus a chur i ngníomh.

Riarfaidh an **Riarthóir Sábháilteachta Pobail** cainéil chumarsáide na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, agus mol á sholáthar don phobal áitiúil sa limistéar údaráis áitiúil iomchuí i ndáil le sábháilteacht pobail.
Beidh ról lárnach ag an Riarthóir Sábháilteachta Pobail i dtacaíocht oibriúcháin agus riaracháin a thabhairt don Chomhordaitheoir Sábháilteachta Pobail chun rúnaíocht éifeachtúil éifeachtach a bhunú agus a reáchtáil, agus é nó í ag tacú le gach ceann de cheanglais riaracháin agus eagrúcháin na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

Sonraítear sa mheastóireacht deiridh ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta gur "toisc shuntasach taobh thiar de rath na Comhpháirtíochta Sábháilteachta í daoine maithe, go háirithe Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, a earcú agus a choinneáil". Chun tacú le baill foirne a earcú, sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce tuairiscí mionsonraithe ar an ról le haghaidh an dá phost thuas do na húdaráis áitiúla. Tá na tuairiscí sin bunaithe ar an meastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

### 8.2. Baill foirne bhreise

Leagtar amach in alt 117 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail na freagrachtaí atá ar Phríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, nó ar Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, maidir le foireann a sholáthar do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Nuair a theastaíonn níos mó ball foirne ó Chomhpháirtíocht Sábháilteachta pobail áitiúil, ba cheart di alt 117 a cheadú toisc go sonraítear ann an nós imeachta agus an t-údarás le haghaidh pearsana breise a shannadh. Féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach níos mó ball foirne nó acmhainní a leithdháileadh. Ansin, beidh sé de lánrogha ag an bPríomhfheidhmeannach an líon cuí fostaithe a chinneadh agus a shannadh chun riachtanais na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chomhlíonadh.

## 8.3. An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

Cuirfidh an Oifig Náisiúnta stiúradh straitéiseach le cur i bhfeidhm na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta ar fud na tíre. Beidh an Oifig Náisiúnta ina croífhoinse tacaíochta do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

Áirítear na nithe seo a leanas le feidhmeanna na hOifige Náisiúnta laistigh den Acht:

- Oiliúint, treoir agus tacaíocht a sholáthar do na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta chun cabhrú leo oibriú agus a gcuid cúraimí a chur i gcrích.
- Faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil pleananna sábháilteachta pobail áitiúla á gcur chun feidhme ag na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta.
- Taighde agus meastóireachtaí a dhéanamh nó a choimisiúnú ar aon cheann d'fheidhmeanna na hOifige Náisiúnta agus ar oibriú na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta.
- Comhoibriú idir comhlachtaí earnála poiblí a chothú maidir le seirbhísí a sholáthar chun sábháilteacht pobail a fheabhsú.
- Feasacht an phobail a chur chun cinn ar shaincheisteanna a dhéanann difear do shábháilteacht pobail agus d'obair na hOifige Náisiúnta.
- Cláir oibre bhliantúla a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na straitéise.
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta.
- Cibé faisnéis agus tuarascálacha a sholáthar a iarrann an tAire agus an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.
- Tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

## 8.4. Oiliúint do chomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil

Ba cheart deiseanna oiliúna a chur ar fáil do na comhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, agus díriú ar leith á leagan ar na hionadaithe pobail, chun go mbeidh siad in ann cur lena muinín, lena scileanna ceannaireachta agus lena n-acmhainn chun ionadaíocht a dhéanamh dá bpobail ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar ionduchtú feabhsaithe a sholáthar do chomhaltaí pobail nach bhfuil eolach ar an lóistíocht atá i gceist le gabháil do struchtúir amhail an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta nó le páirt a ghlacadh iontu.

Bunóidh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail líonraí do Chathaoirligh, Comhordaitheoirí agus comhaltaí na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta – rud a thabharfaidh deiseanna chun samplaí den dea-chleachtas a chomhroinnt agus chun tacaíocht a iarraidh le haghaidh saincheisteanna éiritheacha. Táthar ag súil leis go bhforbróidh an Oifig Náisiúnta sraith oiliúna do na comhaltaí de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta le himeacht ama, a n-éileofar ar chomhaltaí páirt a ghlacadh inti.

## 8.5. Cistiú

Seachas croífhoireann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, is é an díriú ná gur cheart an cistiú le haghaidh aidhmeanna na bpleananna sábháilteachta pobail áitiúla a fhoinsiú ó na ranna/gníomhaireachtaí iomchuí. Tá sé sin amhlaidh chun a chinntiú gurb é an t-eintiteas iomchuí a sholáthróidh an cistiú a shainaithnítear chun tacú leis na gníomhartha a shainaithnítear sa phlean agus, i gcás go dteastaíonn an cistiú ar bhonn leanúnach, go ndéanfar é a phríomhshruthú laistigh den eagraíocht sin.

Ina theannta sin, tharraing baill foirne sna treoir-Chomhpháirtíochtaí cistiú anuas ó shruthanna cistiúcháin éagsúla chun idirghabhálacha a éascú thar ceann na comhpháirtíochta agus bhain siad leas as acmhainní eile trí oibriú i gcomhoibriú le comhghleacaithe go hinmheánach agus go seachtrach araon. Áiríodh leo sin Éire Shláintiúil; Pobail Sláintecare; agus Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga.

### 8.5.1. An Ciste um Shábháilteacht Pobail

Is é atá sa Chiste um Shábháilteacht Pobail ann ná ciste bliantúil ilbhliantúil atá á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus trínar féidir fáltais na coireachta a threorú isteach i dtionscadail phobail chun tacú le sábháilteacht pobail. Tá sé beartaithe go gcisteoidh an Ciste um Shábháilteacht Pobail tionscadail nua le haghaidh sábháilteacht pobail. Nuair a bheidh torthaí rathúla léirithe ag na tionscadail sin, samhlaítear go ndéanfadh an ghníomhaireacht iomchuí nó an roinn iomchuí na tionscadail sin ‘a phríomhshruthú’ agus a chistiú.

Tá aidhm an chiste mar a leanas:

- a chinntiú go mbeidh rochtain ar an gcistiú a theastaíonn uathu ag na tograí is cuí chun sábháilteacht pobail a fheabhsú;
- a spreagadh go bhforbrófaí bealaí nuálacha ar féidir sábháilteacht pobail a fheabhsú as a measc siúd a bhfuil an tuiscint is fearr acu ar riachtanais sábháilteachta pobail áitiúla;
- cumasú a dhéanamh ar an dea-chleachtas maidir le sábháilteacht pobail a chomhroinnt le comhpháirtíochtaí agus pobail eile ar fud na tíre de réir mar a fhorbraítear tograí nua; agus
- béim a leagan ar a rathúla a bhíonn an Garda Síochána agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla maidir leis na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus an méid sin a léiriú.

Tá an ciste ag teacht le cuspóirí foriomlána an Bheartais Sábháilteachta Pobail atá mar bhonn agus thaca ag samhail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta agus ba cheart é a bhreithniú nuair atá cistiú á lorg le haghaidh gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí arna sainaithint ag an gcomhpháirtíocht. Bhain na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta leas as an gciste um shábháilteacht pobail chun tacú le roinnt tionscnamh faoina bPleananna Sábháilteachta Pobail faoi seach.

Déanann an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce dátaí cruinne an ghlao cistiúcháin agus na critéir a fhógairt agus a phoibliú gach bliain.

## 9. Téarmaí Tagartha

Comhaontóidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil téarmaí tagartha le haghaidh gnó na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a sheoladh. Tá teimpléad le haghaidh Téarmaí Tagartha ar fáil anseo.

## 10. Cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla

Cinnfidh agus comhaontóidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil oibríochtaí, gnó agus coimeád taifead a cruinnithe sna Téarmaí Tagartha agus sna Buan-

Orduithe uaithi. Tá teimpléad náisiúnta, ar féidir é a oiriúnú don chomhthéacs áitiúil, ar fáil anseo.

### 10.1. An líon cruinnithe agus minicíocht na gcruinnithe

Ba cheart cruinnithe tráthrialta a bheith ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta, lena n-áireofar líon nach lú ná:

- ceithre chruinniú ráithiúla de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta,
- cruinniú poiblí amháin, agus
- cruinniú dúnta amháin do na hionadaithe tofa don limistéar iomchuí

in aghaidh na bliana.

Is faoin gComhpháirtíocht Sábháilteachta atá sé minicíocht, suíomh agus uainiú ghnáthchruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chinneadh. Ba cheart don Chathaoirleach an Oifig Náisiúnta a choinneáil ar an eolas faoi chruinnithe sceidealaithe.

Tionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

### 10.2. Ceanglas córaim do chruinnithe

Socróidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta an córam do chruinniú ina téarmaí tagartha. Is féidir teimpléad le haghaidh téarmaí tagartha a fháil anseo.

### 10.3. Daoine Eile a Bhí i Láthair

Féadfaidh pearsanra tacaíochta ón ngníomhaireacht iomchuí, le comhaontú roimh ré ón gCathaoirleach, comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a thionlacan chun críocha tuilleadh faisnéise a thabhairt faoi ábhar plé ar leith atá ar an gclár oibre.

### 10.4. Freastal na Meán

Féadfaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla láithreacht na meán a éascú faoina lánrogha féin agus trí iarraidh a dhéanamh chuig an gcathaoirleach. Sa chéad bhliain den chomhpháirtíocht, ba cheart breithniú a dhéanamh ar fhreastal na meán ar

chruinnithe poiblí a theorannú chun go mbeifear in ann caidreamh agus muinín a thógáil agus de réir mar a bheidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta ag forbairt an phlean oibre uaithi. Tá an cur chuige sin le hathbhreithniú de réir mar a fhorbraíonn obair na comhpháirtíochta. Ag an bpointe sin, féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta breithniú a dhéanamh ar chothromaíocht a bhaint amach trína gceadófar do na meáin freastal ar thrí chruinniú agus trína seolfar trí cinn eile go príobháideach.

Is tosca tábhachtacha d'obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta iad trédhearcacht agus cuntasacht don phobal i gcoitinne agus do na meáin. De réir rannán 9.6, ní mór tuarascáil chomhaontaithe ó chruinniú dúnta a chur ar fáil. Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta breithniú a dhéanamh, mar chuid dá straitéis cumarsáide, ar thuarascálacha den sórt sin a chomhroinnt go díreach leis na meáin áitiúla.
.

## 10.5. Cruinnithe poiblí

Ní mór don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cruinniú poiblí amháin ar a laghad a thionól in aghaidh na bliana.

I gcás go mbeidh cruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar oscailt don phobal, ba cheart soláthar cuí a dhéanamh d'fhógra a thabhairt don phobal i dtaobh na gcruinnithe, agus soláthar ar leith á dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear na codanna den phobal is faide ar shiúl ón gcinnteoireacht ar an eolas faoi na cruinnithe agus go gcabhrófar leo freastal orthu trí uainiú, suíomh agus inrochtaineacht na gcruinnithe. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht sna téarmaí is leithne, a théann níos faide ná inrochtaineacht fhisiciúil. Ba cheart a áireamh leis sin cruinnithe poiblí a eagrú leis an méid is lú foirmiúlachta agus is féidir chun rannpháirteachas agus rannpháirtíocht an phobail a uasmhéadú.

Tugtar le cruinnithe poiblí freisin deis don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta an pobal a chur ar an eolas faoin obair atá déanta agus atá beartaithe; agus caidreamh a dhéanamh leis an bpobal go díreach i ndáil leis an bPlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

Cinnfidh Cathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúil, i gcomhairle leis na comhaltaí, na mionsonraí faoi cén uair a eagrófar an cruinniú.

### 10.6. Cruinnithe dúnta

I gcás go dtionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cruinnithe go príobháideach, ba cheart tuarascáil chomhaontaithe ar an gcruinniú a chur ar fáil don phobal.

Ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta féachaint leis na tuarascálacha agus na doiciméid uaithi a chur ar fáil don phobal a mhéid is mó is féidir, mura mbeadh sé sin indéanta ar chúiseanna dlíthiúla nó rúndachta nó mura mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail faisnéis nó doiciméid den sórt sin a chur ar fáil.

### 10.7. Miontuairiscí cruinnithe

Ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil socruithe a cheadú i ndáil le miontuairiscí na n-imeachtaí cruinnithe, lena n-áirítear na cinntí a rinneadh agus an ghníomhaíocht atá le déanamh a thaifeadadh, mar aon le nósanna imeachta i ndáil le miontuairiscí a cheadú agus a fhoilsiú.

Is leagtha amach thíos atá nós imeachta beartaithe, atá bunaithe ar eispéireas na dtreoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta:

- Scríobhann Riarthóir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta miontuairiscí ag an gcruinniú, agus déanann Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta athbhreithniú orthu sin.
- Cuirtear na dréacht-mhiontuairiscí sin faoi bhráid an Chathaoirligh lena n-athbhreithniú, ar ina dhiaidh a scaipfear iad ar na comhaltaí chun cruinneas na miontuairiscí a dheimhniú agus chun aon leasuithe a lorg.
- Ba cheart na miontuairiscí a bheith daingnithe ag na comhaltaí ag an gcéad chruinniú eile agus ba cheart iad a bheith sínithe ag an gCathaoirleach, tráth a thiocfaidh siad chun bheith ar an taifead oifigiúil ar na himeachtaí.

Tá teimpléad le haghaidh taifead miontuairiscí cruinnithe ar fáil anseo.

### 10.8. Taifead ar fhreastal

Ba cheart d'fhoireann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla taifead a choinneáil ar an bhfreastal ar chruinnithe. Maidir le freastal gach comhalta ar leith a bhí i láthair ag cruinniú, ba cheart don chomhalta sin é a iontráil i dtaifead a choimeádann Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta chun na críche sin thar ceann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

### 10.9. Taifid ar chruinnithe

Ba cheart socruithe cuí a dhéanamh, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, le haghaidh choimeád sábháilte na miontuairiscí ag foireann cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta breithniú a dhéanamh ar na miontuairiscí cruinnithe daingnithe a chur ar fáil don phobal trína suíomh Gréasáin/trína leathanach ar shuíomh Gréasáin an údaráis áitiúil. Féach anseo le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi thaifid ar chruinnithe a chomhroinnt.

## 11. Cinnteoireacht

Cinnfidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta próisis chinnteoireachta ina Téarmaí Tagartha, inar cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Is ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta féin atá an chumhacht cinnteoireachta i leith nithe a bhaineann le feidhmeanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta
- Ba cheart cinntí/vótaí a dhéanamh trí chur chuige comhoibríoch, agus ba cheart iad a dhéanamh le comhthoil nuair is féidir. I gcás nach féidir cinntí a dhéanamh le comhthoil, ba cheart iad a dhéanamh le vóta tromlaigh.
- Tá vóta ag gach comhalta den chomhpháirtíocht atá i láthair ag cruinniú.
- I gcás comhionannas vótaí, féadfaidh an Cathaoirleach an vóta réitigh a chaitheamh.

## 12. Coinbhleachtaí leasa

Ba cheart dearbhuithe coinbhleachta leasa a dhéanamh i dtús aon chruinnithe. Ní mór do chomhaltaí aon choinbhleacht leasa a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhír gan choinne a bheith ag teacht chun cinn a dhearbhú freisin.
Coimeádfar taifead ar aon choinbhleachtaí leasa a dearbhaíodh mar chuid de dhoiciméadacht cruinnithe.

Ní mór do chomhalta é nó í féin a eisiamh ó chruinniú nó ó chuid de chruinniú a bhaineann le haon ní, agus ní ceadmhach dó nó di páirt a ghlacadh in aon phlé ar aon ní, ar ina leith a d’fhéadfaí a mheas le réasún go bhfuil coinbhleacht leasa aige nó aici.

Is féidir míniú a dhéanamh ar ‘coinbhleacht leasa’ mar aon chineál leasa phearsanta a d’fhéadfadh difear a dhéanamh, nó a bhféadfaí a cheapadh go réasúnach go ndéanfadh sé difear, do neamhchlaontacht duine aonair i gcinnteoireacht.

## 13. Teorainneacha na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta

Ní bhreithneoidh Comhpháirtíocht Sábháilteachta, coiste de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta ná fóram sábháilteachta pobail comharsanachta limistéarbhunaithe nithe a bhaineann le haon imscrúdú nó ionchúiseamh coiriúil sonrach ná nithe a bhaineann le slándáil an Stáit.

## 14. Foghrúpaí agus grúpaí oibre

Foráiltear i rialacháin faoi alt 114 den Acht go bhféadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil coistí a bhunú. Gairtear foghrúpaí/grúpaí oibre de na coistí sin de ghnáth. Féadfaidh Comhpháirtíocht Sábháilteachta grúpaí den sórt sin a bhunú

chun aon chríche sonraí. Ar mhaithe le dúbláil a sheachaint, ba cheart d'fhoghrúpaí agus/nó do ghrúpaí oibre cúram agus sainchúram sonrach a bheith orthu. Is féidir leo a bheith úsáideach maidir le pleananna agus straitéisí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a chur i gcrích.

Le linn na dtreoir-Chomhpháirtíochtaí, d'imir foghrúpaí agus grúpaí oibre araon ról ríthábhachtach maidir le braistint móimintim a chothú i measc na gcomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus maidir le spriocanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta a bhaint amach. I gcás cuid mhór saincheisteanna sábháilteachta pobail a tharraing comhaltaí pobail anuas trí chomhairliúchán neamhfhoirmiúil le hoifig na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, tharla sé gur pléadh iad ina dhiaidh sin i ngrúpaí oibre/i bhfoghrúpaí, áit ar sainaithníodh gníomhartha agus ar cuireadh moltaí ar aghaidh chuig an gComhpháirtíocht Sábháilteachta. Cuireadh saincheisteanna agus ábhair imní a raibh mórthábhacht leo agus a bhí ag teacht chun cinn arís agus arís eile in iúl do chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta i gcoitinne ina dhiaidh sin.

**Foghrúpaí**

Is fothacar den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta iad foghrúpaí agus bunaítear iad de ghnáth chun díriú ar cholúin théamacha, mar shampla caidreamh leis an óige, drugaí agus póilíneacht, agus acmhainneacht an phobail a thógáil. Is féidir go mbeidh tosaíochtaí a shainaithnítear sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil mar bhonn le bunú foghrúpaí freisin.

- cinnfidh comhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta cé hé nó cé hí an duine as measc a gcomhaltais féin a bheidh mar Chathaoirleach an fhoghrúpa
- cinnfidh comhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta cé hiad na daoine as measc a gcomhaltais féin a shuífidh ar an bhfoghrúpa
- féadfaidh comhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta daoine a bhfuil an t-eolas, an taithí nó na scileanna cuí acu nach comhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta iad a chur ar áireamh mar chomhaltaí den fhoghrúpa.
- socróidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta córam an fhoghrúpa, a bheidh cothrom le líon nach lú ná triúr comhaltaí.
- is é téarma oifige Foghrúpa cibé tréimhse a chinnfidh Cathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

- féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta na téarmaí tagartha don fhoghrúpa a chinneadh, agus breac-chuntas á thabhairt ar shainchúram sonrach an ghrúpa.
- beidh Cathaoirleach gach foghrúpa freagrach do na comhaltaí as bainistíocht ghinearálta an ghnó arna chur ar iontaoibh an fhoghrúpa.
- cuirfidh Cathaoirleach gach foghrúpa tuarascáil ar obair an fhoghrúpa i láthair chomhaltaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla ag cruinniú den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta.
- ba cheart cóip d'aon tuarascáil ó fhoghrúpa a chur faoi bhráid gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil trí lá ar a laghad roimh aon chruinniú ag a bpléifear an tuarascáil sin.
- níl aon chumhacht cinnteoireachta ag foghrúpa ach déanann sé moltaí don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil ina hiomláine.

**Grúpaí oibre**

Is é is grúpaí oibre ann ná grúpaí atá dírithe agus faoi theorainn ama agus a bhunaítear chun tasc a dhéanamh, amhail aghaidh a thabhairt ar shaincheist sábháilteachta pobail reatha ar leith, tionscadal nó gníomh laistigh den phlean sábháilteachta pobail áitiúil a chur i gcrích; nó imeacht a phleanáil.

Is ag grúpaí oibre a bhíonn comhaltas beag dírithe de ghnáth. D'fhéadfadh go mbeadh acu meascán de chomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus d'ionadaithe ó réimsí lasmuigh den chomhpháirtíocht a bhfuil spéis ar leith acu sa réimse a bhfuil an grúpa oibre dírithe air nó a bhfuil saineolas ar leith acu ar an réimse sin.

Mar shampla, sa treoirchlár Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, baineadh leas as grúpaí oibre ar roinnt bealaí difriúla chun Pleananna Sábháilteachta Pobail a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

(a) Grúpaí oibre a eagrú de réir téama agus iad a nascadh le réimse sainaitheanta tosaíochta amháin nó níos mó nó a chur ag díriú ar chuspóir sainaitheanta sonrach sna réimsí tosaíochta sin.
(b) Cúram sonrach den phlean gníomhaíochta a chur i gcrích, e.g., 'grúpa idirghníomhaireachta a bhunú don Lucht Siúil'.

(c) Grúpaí oibre a bhunú chun dul i ngleic le saincheisteanna eatramhacha le linn an plean a fhorbairt. Is féidir leis sin cabhrú le tacaíocht agus spéis na gcomhaltaí a mhéadú agus/nó a chothabháil.

Mar a tharlaíonn i gcás na bhfoghrúpaí, bunóidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta na téarmaí tagartha don ghrúpa oibre, ina leagfar amach sainchúram, comhaltas agus sásra tuairiscithe an ghrúpa.

## 15. Fóraim Sábháilteachta Pobail Comharsanachta Áitiúla

Ciallaíonn "Fóram Sábháilteachta Pobail Comharsanachta Limistéarbhunaithe" fóram arna bhunú de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 115(a).[2]

Chun fóraim sábháilteachta pobail comharsanachta limistéarbhunaithe a chomhordú agus a chothú ina limistéar feidhme, i gcás gur cuí, is féidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta fóraim sábháilteachta pobail áitiúla a bhunú ar leibhéal na comharsanachta i gcomhairle leis an nGarda Síochána, de réir mar is gá. Tá sé mar aidhm leis na fóraim sin caidreamh a dhoimhniú idir an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta, comhlachtaí seirbhíse poiblí, an t-údarás áitiúil, agus pobail chomharsanachta.

Is é príomhsprioc na bhfóram sin ardán a sholáthar le haghaidh ábhair imní sábháilteachta áitiúla a phlé, saincheisteanna sonracha a dhéanann difear don chomharsanacht a shainaithint, agus réitigh a fhorbairt i gcomhar le chéile. Trí chumarsáid thráthrialta agus comhoibriú tráthrialta a éascú i measc na ngeallsealbhóirí uile, féachann na fóraim sin le sábháilteacht agus folláine fhoriomlán an phobail a mhéadú.

Ina theannta sin, tá fóraim sábháilteachta pobail áitiúla deartha chun oibriú ar leibhéal níos áitiúla i gcomparáid leis na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta i gcoitinne, rud a

[2] Déanfar tosach feidhme na rialachán le haghaidh Fóraim Sábháilteachta Pobail Comharsanachta Áitiúla a bhunú a mhoilliú ionas go mbeifear in ann Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a bhunú ar dtús

éascaíonn freagairtí níos saincheaptha agus níos éifeachtaí do na dúshláin uathúla atá ann i ngach comharsanacht.

Is féidir leo moltaí a dhéanamh don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta maidir le nithe is ábhar imní áitiúil, agus iad ag cinntiú go gcloistear guthanna chónaitheoirí na comharsanachta agus go gcuirtear san áireamh iad i mórphróisis pleanála agus cinnteoireachta sábháilteachta pobail.

Tá sé beartaithe gur cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta, sa chéad bhliain atá siad i mbun oibre, athbhreithniú a dhéanamh ar a dtírdhreach sábháilteachta pobail áitiúil, lena n-áirítear na Fóraim Phóilíneachta Áitiúla, na fóraim sábháilteachta pobail áitiúla agus aon struchtúir chomhchosúla eile atá ann, agus iad ag athbhreithniú an mbíonn siad ag freastal ar riachtanais reatha sábháilteachta pobail an limistéir. Féadfaidh na Fóraim sin leanúint le teacht le chéile le linn na tréimhse sin.

I gcás go mbeidh tacaíochtaí foirne i bhfeidhm cheana féin le haghaidh Fóraim Phóilíneachta Áitiúla, ba cheart leanúint ar aghaidh leis na socruithe sin atá ann cheana i gcás go n-aistreoidh an Fóram Póilíneachta Áitiúil iomchuí ina Fhóram Sábháilteachta Pobail Comharsanachta Áitiúil.

## 16. An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

Foráiltear le Cuid 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail don Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA) a bhunú.

Is é PCSA an eagraíocht chomharba ar an Údarás Póilíneachta agus ar Chigireacht an Gharda Síochána araon, agus é ag tógáil fhormhór na bhfeidhmeanna a bhí acu cheana air féin. Beidh ról ag PCSA freisin i gcomhoibriú idirghníomhaireachta agus i rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn chun feabhas a chur ar shábháilteacht pobail.

Tá sé mar phríomhról ag PCSA formhaoirseacht agus measúnú a dhéanamh, ar bhealach neamhspleách trédhearcach, ar na seirbhísí póilíneachta a chuireann an Garda Síochána

i gcrích. Tá sé mar aidhm leis an bhformhaoirseacht sin a chinntiú nach é amháin go mbíonn muintir na hÉireann sábháilte ach go mothaíonn siad go mbíonn siad sábháilte freisin agus iad ag maireachtáil a ngnáthshaoil laethúil laistigh dá bpobail áitiúla.

Le halt 114 d'Acht 2024, ceadaítear do PCSA cruinnithe de Chathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta a thionól, cibé acu ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, i gcás go gcabhródh na cruinnithe sin le PCSA na feidhmeanna atá aige a chomhlíonadh. Is féidir leis an Oifig Náisiúnta tacaíocht a thabhairt do PCSA agus do na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta araon i leith na gcruinnithe sin. Ceadaítear le halt 114 freisin d'ionadaithe ó PCSA freastal ar chruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, i dteannta cruinnithe de chuid choistí nó fhoghrúpaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, chun na feidhmeanna atá aige a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta freastal ar chruinniú poiblí amháin ar a laghad de chuid PCSA gach bliain chun tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí a bhaineann le sábháilteacht pobail. Is féidir go n-áireofar leis sin an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta nó ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn laistigh díobh. Is féidir go gcoinneoidh an Oifig Náisiúnta PCSA ar an eolas faoi nithe a bhaineann leis na feidhmeanna atá aige agus/nó tuarascálacha a sholáthar dó ar nithe den sórt sin freisin.

.

# 17. Comhoibriú

## 17.1. Caidreamh comhoibríoch a fhorbairt

**Am agus acmhainní a infheistiú i gcaidreamh comhoibríoch a fhorbairt laistigh de na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta**

Tá an cur chuige nua ar fad i leith sábháilteacht pobail bunaithe ar obair chomhpháirtíochta agus chomhoibríoch agus ar ailíniú straitéisí agus pleananna ar mhaithe le saincheisteanna sábháilteachta pobail a réiteach ar bhealach comhroinnte.

Is rud caidreamhach í obair chomhpháirtíochta, agus teastaíonn dea-chumarsáid idir comhpháirtithe ina leith. Bíonn éifeachtacht na comhpháirtíochta ag brath ar a thiomanta

a bhíonn na comhpháirtithe don obair agus ar iontaoibh as a chéile agus meas ar a chéile a fhorbairt.

Deimhníodh sa mheastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta gur próiseas céimnitheach é caidreamh comhoibríoch agus modhanna comhoibríocha oibre a fhorbairt, ar próiseas é óna dteastaíonn am agus iarracht a bhfuil cuspóir léi. Tugadh le fios sa mheastóireacht freisin gur féidir leis an gcomhthéacs ina mbunófar an chomhpháirtíocht a bheith ina chumasóir maidir le comhoibriú éifeachtach. Áirítear leis an gcomhthéacs sin cé acu a bhí nó nach raibh dea-chomhoibriú ann sa limistéar san am atá thart.

Fágann sé sin go dteastaíonn am agus acmhainní, go háirithe ó Chathaoirleach agus Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, chun cur chuige comhoibríoch a bhunú laistigh den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus chun an cur chuige sin agus an caidreamh sin a chothabháil araon.

## 17.2. Comhoibriú le struchtúir eile chomhpháirtíochta

Tá comhoibriú i gcroílár na Sábháilteachta Pobail, laistigh de struchtúr na Comhpháirtíochta Sábháilteachta agus lasmuigh de araon.

Tugtar spreagadh do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla comhoibriú le struchtúir eile chomhpháirtíochta ar leibhéal áitiúil chun feabhas a chur ar chomhoibriú ilghníomhaireachta ina limistéir feidhme. Is ann cheana féin do roinnt struchtúr comhpháirtíochta a oibríonn chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna pobail i bpobail ar fud na hÉireann. Dá réir sin, tá riosca ann go ndéanfar dúbláil ar thionscnaimh atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin mura saothraítear comhoibriú go gníomhach.

Sa chleachtas, maolaíodh an riosca dúblála le linn na dtreoir-Chomhpháirtíochtaí trí dhea-thuiscint a bheith ann ar an 'tírdhreach comhpháirtíochta', trí iad a chomhlonnú le struchtúir eile chomhpháirtíochta, trí obair na gcomhpháirtíochtaí a bhí ann cheana (e.g., Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla) a úsáid chun bonn eolais a chur faoi obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta, trí dhul i dteagmháil go gníomhach le comhpháirtíochtaí eile ar mhaithe le comhoibriú leo agus/nó trí chomhpháirtíochtaí eile a chur ar áireamh i gcomhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

Ba cheart obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta a bheith ag teacht freisin le tionscnaimh eile forbartha pobail agus chomhpháirtíochta áitbhunaithe, amhail an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) agus an Clár um Pobail a Chumhachtú, atá á gcistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus a bhfuil mar aidhm leo cumas a fhorbairt laistigh den phobal.

San aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo, tá liosta de na struchtúir chomhpháirtíochta limistéir áitiúil atá ann cheana chun cabhrú le forbhreathnú a thabhairt ar an tírdhreach comhpháirtíochta seo.

### 17.3. Comhoibriú le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla eile

Cé go n-oibreoidh gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil laistigh de limistéar riaracháin sainithe, ní thagann saincheisteanna sábháilteachta pobail go néata leis na teorainneacha sin i gcónaí. Is sa chomhthéacs sin ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chinntiú go mbeidh iarrachtaí sábháilteachta pobail éifeachtach, cuimsitheach agus freagrúil d'imthosca fíorshaoil na bpobal áitiúil, go háirithe i limistéir ina dtéann saincheisteanna sábháilteachta pobail thar theorainneacha riaracháin.

I gcásanna ina dtéann ábhair imní sábháilteachta pobail, gníomhaíocht choiriúil nó dúshláin shóisialta níos faide i gcéin ná dlínse aon Chomhpháirtíochta Sábháilteachta aonair, go háirithe i gcás limistéir ina n-oibríonn roinnt Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta in aice lena chéile, moltar do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta cur chuige comhoibríoch a ghlacadh.

Mar shampla, i gcás go ndéanann saincheisteanna sábháilteachta difear do phobail ar fud dhá Chomhpháirtíocht Sábháilteachta nó níos mó, féadfaidh comhpháirtíochtaí caidreamh gníomhach a dhéanamh lena gcomhghleacaithe i limistéir in aice láimhe chun faisnéis a chomhroinnt, chun cineálacha cur chuige a ailíniú agus chun freagairtí a chomhordú. Ós rud é gur gnách go n-oibríonn an phóilíneacht, seirbhísí éigeandála agus tionscnaimh phobail ar fud roinnt limistéir riaracháin, ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chinntiú go mbeidh príomh-gheallsealbhóirí páirteach i bpléití agus i réitigh lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní sábháilteachta idirnasctha.

Féadfaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla deiseanna a iniúchadh le haghaidh comhthionscnamh, acmhainní comhroinnte, agus cineálacha comhoibríocha cur chuige i leith réiteach fadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a dhéanann difear do phobail ar an dá thaobh de theorainn riaracháin.

Trí shásraí soiléire comhsheasmhacha cumarsáide a bhunú idir Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta atá in aice lena chéile, go háirithe iad siúd a bhféadfadh a limistéir riaracháin forluí ar a chéile, cabhrófar le comhoibriú leanúnach a éascú agus le cosc a chur ar dhúbailt saothair nó ar bhearnaí i soláthar seirbhísí.

Féadfaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla comhchruinnithe le comhpháirtíochtaí in aice láimhe a eagrú i gcás gur gá agus nuair is gá chun freagairt chomhordaithe chomhleanúnach a chinntiú do dhúshláin choiteanna. Is féidir leis na cruinnithe sin a bheith ina spás struchtúrtha le haghaidh plé a dhéanamh, dea-chleachtais a mhalartú, agus cur chuige comhoibríoch a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leathana go héifeachtach.

## 17.4. Comhoibriú trasteorann[3]

Bíonn dúshláin uathúla roimh phobail teorann i gcás go bhfágann saincheisteanna sábháilteachta agus bonneagair go dteastaíonn comhar sa dá dhlínse chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Baineann tábhacht leis an deis comhar trasteorann a dhéanamh, i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil don dá dhlínse.

[3] Ag fanacht le barúil ó Roinn Ceartais Thuaisceart Éireann

Is féidir go rachfar chun tairbhe do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla ó thaobh na foghlama de agus go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bhealach níos fearr trí dheiseanna comhoibrithe trasteorann a lorg, go háirithe deiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte le Comhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail agus uathu sin. Tá Comhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail ina struchtúir chomhoibríocha lena dtugtar daoine den phobal agus ionadaithe ó sheirbhísí póilíneachta, promhaidh, tithíochta, óige, éigeandála agus oideachais le chéile chun díriú ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail ar an leibhéal áitiúil i dTuaisceart Éireann.

Tá sé sin iomchuí go háirithe do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta i gcontaetha teorann mar a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu seo a leanas: idirghabhálacha agus tionscadail a sholáthar i gcomhpháirt; iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh comhchistiú faoi chláir amhail PEACEPLUS; cuireadh a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail in aice láimhe chun freastal ar chruinnithe nó imeachtaí na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta; agus caidreamh a dhéanamh le Comhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail chun sainaithint a dhéanamh ar dhúshláin choiteanna sábháilteachta pobail a dhéantar níos measa de dheasca na gaireachta don teorainn. D'fhéadfadh go mbeadh an Straitéis Póilíneachta Trasteorann 2025-2027 ina hábhar spéise do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta i limistéir theorann freisin.

## 18. Caidreamh leis an bpobal agus rannpháirtíocht an phobail

Is é an aidhm atá leis an gcur chuige sábháilteachta pobail seo ná tacaíocht níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a thabhairt do na pobail is mó faoi mhíbhuntáiste agus limistéir áitiúla shábháilte a chothú do theaghlaigh, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí. Éilítear leis sin ar gach comhlacht stáit iomchuí agus ar gach eagraíocht dheonach iomchuí obair le chéile ar bhealach comhleanúnach i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil chun tús áite a thabhairt do shaincheisteanna ina limistéar féin agus chun aghaidh a

thabhairt orthu sin. Chun déanamh amhlaidh, beidh gá le hidirphlé réamhghníomhach agus leanúnach leis an bpobal áitiúil.

Bíodh sí trí chomhaltas i gcomhpháirtíocht, trí chomhairliúchán maidir le Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla nó trí chaidreamh tráthrialta leis an bpobal, ba cheart an éagsúlacht sa phobal áitiúil a léiriú sa rannpháirtíocht agus ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh inti: daoine a bhfuil míchumas orthu; daoine LADTAI+; Pobail Nua agus Mionlaigh; Eitneacht; Éagsúlachtaí Tuaithe/Uirbeacha; Inscne; Éagsúlachtaí Sláinte/Socheacnamaíocha, agus Reiligiún, i measc nithe eile. Baineann tábhacht chuige sin leis an gcaidreamh leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail dá dtagraítear i rannán 6.3.

Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta an dara leagan den Guide for Inclusive Community Engagement in Local Planning and Decision Making a cheadú agus iad ag déanamh caidreamh leis an bpobal nó ag dul i gcomhairle leis.

## 18.1. Cur Chuige Rannpháirtíoch

Tá cur chuige rannpháirtíoch fréamhaithe sa chreideamh go bhfuil sé de cheart ag pobail a gcuid riachtanas féin agus na torthaí is gá chun freastal orthu a shainaithint. Éilítear leis sin rannpháirtíocht **fhiúntach** an phobail i saincheisteanna, tosaíochtaí agus réitigh a shainaithint. Áirítear leis sin tuiscint a fháil ar na dálaí is gá a bheith ann chun go mothóidh daoine sna pobail sin go bhfuil siad sábháilte, go dtacaítear leo agus go n-éistear leo. Is é an toradh a bheidh ar mheasúnuithe den sórt sin a chur i gcrích ná go gcinnteofar go mbeidh na freagairtí réamhghníomhach, cothromasach agus curtha in oiriúint don chomhthéacs áitiúil. Tugtar sa doiciméad dar teideal ‘A Guide for Inclusive Community Engagement in Local Planning and Decision Making’ dá dtagraítear thuas leideanna praiticiúla i ndáil leis sin.

Tá sé faoin gComhpháirtíocht Sábháilteachta a chinneadh cad iad na socruithe rannpháirtíocha cuí a dhéanfaidh sí. Mar sin féin, ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh leis na socruithe sin:

- Rannpháirtíocht a éascú dóibh siúd is mó a mbíonn tionchar ag saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht pobail orthu, go háirithe dóibh siúd nach gcloistear uathu go minic
- A chinntiú go gcuirfear modhanna éagsúla rannpháirtíochta ar fáil agus go n-úsáidfear modheolaíochtaí cuí le haghaidh caidrimh

- Úsáid a bhaint as modhanna rannpháirtíochta atá cothrom, cóir agus measúil
- Breithniú a dhéanamh ar ionaid agus láithreacha atá cuimsitheach agus inrochtana
- A chinntiú go ndéanfar le haon phróisis rannpháirtíochta pobail an fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe a thabhairt dóibh chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh iontu ar bhealach fhiúntach agus inrochtana
- A chur in iúl conas a dhéanann an rannpháirtíocht agus an t-ionchur difear do chinntí nó do thorthaí
- Deis a thabhairt don phobal a bheith páirteach agus/nó faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtorthaí.

Ba cheart é a bheith mar phríomhsprioc ag Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta, dá bhrí sin, acmhainn na ndaoine den phobal áitiúil a thógáil chun go mbeidh siad in ann páirt fhiúntach a ghlacadh agus ceannaireacht, athléimneacht agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil a mhéadú.

## 18.2. Guth na hÓige

Beidh ionadaí óige sainordaithe ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta, rud a phléitear sa rannán ar chomhaltas. D'fhonn a chinntiú go mbeidh ionchur láidir ag daoine óga sa chreat nua sábháilteachta pobail seo, moltar freisin do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta obair i gcomhar le Comhairle na nÓg, le seirbhísí áitiúla óige, le Fóraim Óige na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus le fóraim óige eile chun go mbeidh daoine óga go ginearálta in ann obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta ina gceantar féin a mhúnlú.

Sa chás is fearr, ba cheart dul i gcomhairle go díreach le daoine óga faoi bhun 25 bliana d'aois maidir lena riachtanais, lena dtuairimí agus lena dtaithí fíorshaoil. I gcás go rachfar i gcomhairle le daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh sé riachtanach nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí agus le leas leanaí a leanúint chun spás sábháilte a chinntiú do na daoine óga lena mbaineann.

Féadfaidh oibrithe óige ionadaíocht a dhéanamh do riachtanais agus dearcthaí na ndaoine óga freisin. Is féidir le hoibrithe óige a bheith ina nguth breise don óige chun dul i gcomhairle leo nó chun cur leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta mar chomhaltaí. Is

féidir leo freisin ionadaíocht a dhéanamh go díreach do dhaoine óga i gcás nach féidir rannpháirtíocht duine óig a éascú.

Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla tús áite a thabhairt don chuimsitheacht trí aiseolas ó fhóraim óige a lorg go gníomhach agus é a chur san áireamh ina gcuid straitéisí agus oibríochtaí. Trí thacaíocht láidir agus acmhainní láidre a thabhairt, is féidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chur ar chumas comhaltaí óige rannchuidiú go gníomhach, agus a bhforbairt agus a rannpháirtíocht i dtionscnaimh shábháilteachta á gcothú. Rud eile atá ríthábhachtach maidir le comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothabháil is ea idirphlé agus comhoibriú leanúnach trí chruinnithe tráthrialta agus trí chomhthionscadail.

Trí mheastóireacht agus oiriúnú a dhéanamh go tráthrialta ar straitéisí rannpháirtíochta ar bhonn an aiseolais ón óige, cuirfear feabhas breise ar ábharthacht agus tionchar na n-iarrachtaí sábháilteachta pobail. Sa deireadh thiar, is é an toradh a bheidh ar dearcthaí óige a chomhtháthú isteach i ngníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ná go gcinnteofar go mbeidh straitéisí sábháilteachta pobail cuimsitheach agus freagrúil agus ina léiriú ar riachtanais agus ábhair imní na ndaoine óga sa phobal.

Moltar go ndéanfadh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta ‘An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht’ a cheadú agus a úsáid agus straitéisí agus gníomhaíochtaí um chaidreamh leis an óige á ndearadh acu. Soláthraíonn Hub na nÓg agus Tusla acmhainní agus tacaíochtaí breise ar féidir leas a bhaint astu nuair atáthar ag déanamh caidreamh le daoine óga.

## 19. Cumarsáid

Mar a sainaithníodh sa mheastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí, is príomhchumasóir de chuid na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta í dea-chumarsáid ar gach leibhéal. Baineann tábhacht ar leith le cumarsáid éifeachtach i bhfianaise chineál amach obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla agus i bhfianaise an phríomhrúin arb éard é páirt a thabhairt don phobal áitiúil. Tá sé tábhachtach go mbeadh an chumarsáid oscailte agus trédhearcach.

Chun an caidreamh oscailte sin a éascú, éileofar ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a leathanach Gréasáin féin a bheith acu a óstálfar ar shuíomh Gréasáin an údaráis áitiúil

agus a gcuntas meán sóisialta nó a gcuntais meán sóisialta féin a bheith acu a mbeidh foireann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta in ann é nó iad a bhainistiú go díreach nó a dtacóidh foireann cumarsáide an údaráis áitiúil léi é nó iad a nuashonrú ar bhonn tráthrialta.

Féach leathanach Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil an Longfoirt le haghaidh sampla de chomhroinnt thrédhearcach an Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil, na dtaifead ar chruinnithe, an chomhaltais agus na gníomhaíochta tionscadail dá cuid.

Ba cheart d'fhoirne Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla leas a bhaint as na tacaíochtaí is féidir lena n-údarás áitiúil a thabhairt i ndáil le cumarsáid, amhail oiliúint a sholáthar. I gcás gur féidir, áfach, ba cheart méid áirithe neamhspleáchais a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, agus iad ag obair de réir threoirlínte beartais cumarsáide an údaráis áitiúil. I gcomhairle leis an údarás áitiúil, d'fhéadfadh comhaltaí de na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta breithniú a dhéanamh ar straitéis cumarsáide chomhaontaithe a bhunú chun tacú leis sin.

D'fhorbair an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail lógó náisiúnta agus féiniúlacht bhranda do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta. Tabharfaidh an Oifig Náisiúnta do gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta a marc lógó féin, i mBéarla agus i nGaeilge araon, dearaí grafacha le haghaidh ábhair bhunúsacha amhail seastáin mheirge, agus treoirlínte branda le haghaidh ábhar breise cur chun cinn a tháirgeadh. Ní mór do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta cloí leis na treoirlínte branda arna n-eisiúint ag an Oifig Náisiúnta.

Chun comhsheasmhacht a chinntiú ó thaobh cur chuige de, moltar go mbunódh gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta bosca isteach ríomhphoist cineálach a mbeadh gach ball foirne den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta in ann rochtain a fháil air agus é a bhainistiú – communitysafety@xxxxcoco.ie. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart bosca isteach ríomhphoist a bhunú do Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, mar shampla ChairXXXXLCSP@xxxxcoco.ie, a mbeadh foireann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta in ann é a bhainistiú agus a mbeadh an Cathaoirleach in ann rochtain a fháil air. Níor cheart seoladh ríomhphoist pearsanta an Chathaoirligh a bheith ina phointe teagmhála don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta in aon imthosca ar bith.

## 20. Sonraí

### 20.1. Bainistíocht sonraí

Is é atá i gceist le Cosaint Sonraí ná an modh trína gcosnaítear na cearta atá ag daoine aonair chun príobháideachta i ndáil le bailiú agus próiseáil a **sonraí pearsanta**.

Is iad an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, an creat reachtaíochta a bhfuil feidhm aige maidir le formhór na gcineálacha próiseála sonraí pearsanta in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla cloí leis na beartais cosanta sonraí agus leis na treoirlínte comhlíonta atá leagtha síos ag a n-údarás áitiúil iomchuí, á chinntiú go bhfuil na cleachtais uile ag teacht leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála reatha.[4]

### 20.2. Soláthar sonraí ag gníomhaireachtaí iomchuí

Is nithe a chumasaíonn obair éifeachtach chomhpháirtíochta iad beartais agus prótacail um chomhroinnt sonraí, mar aon le faisnéis iomchuí a mhalartú go tráthrialta. Tá an Oifig Náisiúnta ag déanamh caidreamh le gníomhaireachtaí reachtúla iomchuí chun teimpléid comhroinnte sonraí a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoin bhfaireachán ar obair na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta agus faoin meastóireacht ar an obair sin.

*Comhordú*

Le himeacht ama, is féidir go gcuirfear socrú lárnach próifílithe i bhfeidhm do gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta. Ceanglófar ar gach comhpháirtíocht rannchuidiú leis an bpróifíl agus leas a bhaint as na sonraí éagsúla a chuirtear ar fáil. Is féidir go n-áireofar leis an tacar sonraí sin na Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Cúram Príomhúil, Éire Shláintiúil agus na Comhpháirtíochtaí Spóirt, Oifigigh Acmhainní um Fhéinmharú a Chosc, i measc eagraíochtaí eile, chun tacú le cur chuige níos comhordaithe agus níos sonraíbhunaithe idir an meántéarma agus an fadtéarma i leith freagairt do dhúshláin áitiúla.

---

[4] Nuair a bheidh sé comhaontaithe, beidh rannán maidir le comhroinnt sonraí ar áireamh sa Chomhaontú Seirbhíse idir an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail agus na húdaráis áitiúla.

*Tuairisciú*

Ceanglófar ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus tuairisc a thabhairt air ag amanna a bheidh sonraithe ag an Oifig Náisiúnta. Soláthróidh an Oifig Náisiúnta treoir in am trátha maidir le bailiú agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann lena n-aschuir, lena dtorthaí agus lena dtionchair.

Ós rud é go bhféadfadh cineál oibre gach Comhpháirtíochta leathnú isteach i ngach réimse de sheirbhísí sóisialta, beidh na sonraí teoranta go sonrach do shábháilteacht pobail.

## 21. Pleananna sábháilteachta pobail

Ceanglófar ar gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta plean a fhorbairt agus a ghlacadh le linn a théarma chun sábháilteacht pobail a fheabhsú ina limistéar feidhme, agus aird á tabhairt ar an straitéis náisiúnta agus de réir aon treoir a d'fhéadfadh an Oifig Náisiúnta a eisiúint ina leith sin. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil na daoine iomchuí le chéile chun a bhfreagairt chomhaontaithe do thosaíochtaí sábháilteachta áitiúla a phleanáil. Ba cheart faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin ar bhonn leanúnach.

Forbrófar an chéad Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail a Fheabhsú thar thréimhse 12 mhí, tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i mí Aibreáin 2025. Tá sé beartaithe go dtarlóidh comhairliúcháin ar an gcéad Straitéis Náisiúnta agus ar Phleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla i gcomhthráth lena chéile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar a moladh sa mheastóireacht ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí, go bhféadfaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta gníomhartha láithreacha sa phobal a thionscnamh le linn na tréimhse sin. Is cás 'iad araon agus' é sa mhéid is go bhféadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta an plean uaithi a ullmhú **agus** ag an am céanna obair ar bhealach comhtháite le tionscnaimh/comhpháirtíochtaí eile a fhreagraíonn do shaincheisteanna sábháilteachta pobail áitiúla.

Ina theannta sin, ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta aird a thabhairt ar phleananna limistéir áitiúil iomchuí eile agus iad ag dul i gcomhairle maidir leis na pleananna uathu agus ag dréachtú na bpleananna sin. Áirítear leo sin, mar shampla, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, pleananna Leanaí agus Daoine Óga ó na Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, Straitéisí Cruthaitheacha agus Cultúrtha, pleananna um Chóiríocht don Lucht Siúil, Straitéisí Aoisbhácha, Pleananna um Fhéinmharú a Laghdú agus mar sin de.

Is é an cuspóir atá le gach Plean Sábháilteachta Pobail bunchloch láidir a thógáil i limistéar na comhpháirtíochta le haghaidh obair i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile chun sábháilteacht pobail a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean:

- tacú le cur chuige comhordaithe i leith aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht pobail;
- méid feabhsaithe comhoibrithe leis an bpobal agus le geallsealbhóirí a spreagadh;
- prionsabail an dea-chleachtais i gcosc agus in idirghabháil a chur chun cinn;
- tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar shaincheisteanna áitiúla, agus na rioscaí sábháilteachta iomchuí agus na tosca cosanta iomchuí a iniúchadh.

Soláthróidh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail doiciméad treorach ar leith maidir le Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a fhorbairt.

## 22. Tuarascálacha agus tuairisciú

Tabharfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil tuairiscí de réir mar is gá don Oifig Náisiúnta ar bhonn tráthrialta faoi chomhlíonadh a feidhmeanna, agus í ag tosú ó dháta bunaithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla.[5]

---

[5] Táthar ag súil leis nach mbeidh ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla tuairisc a thabhairt sa chéad bhliain ach amháin ar bhunú na Comhpháirtíochta de réir mar a fhorbraíonn siadsan, an Oifig Náisiúnta, agus an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail sonraí bonnlíne i gcomhthráth leis an Straitéis Náisiúnta agus na Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a tháirgeadh.

Tabharfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil an t-eolas comhaontaithe is deireanaí don phobal gach trí mhí, ina dtabharfar forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí na comhpháirtíochta. Is féidir an t-eolas is deireanaí sin a thabhairt mar achoimre cruinnithe chomhaontaithe agus/nó mar mhiontuairiscí cruinnithe daingnithe.

Ós rud é nach coiste den údarás áitiúil í an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, níl aon cheanglais tuairiscithe éigeantaigh ann maidir leis sin. Mar sin féin, i bhfianaise ról na gcomhaltaí údaráis áitiúil mar phríomh-gheallsealbhóirí i sábháilteacht pobail agus i bhfianaise a gcuntasachta daonlathaí as caiteachas an údaráis áitiúil, féadfar teacht ar chomhaontú faoi shásra foirmiúil le haghaidh na comhaltaí tofa ina n-iomláine a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Is féidir an sásra sin a chinneadh ar an leibhéal áitiúil. Mar shampla, thug ceann amháin de na treoir-Chomhpháirtíochtaí an t-eolas is deireanaí trí thuairiscí do lucht bainistíochta an údaráis áitiúil agus thug ceann eile láithreoireacht(aí) ag cruinnithe de chuid na comhairle.

Eiseoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil tuarascáil phoiblí bhliantúil, rud ar cheart an obair a rinneadh chun páirt a thabhairt don phobal agus chun na cuspóirí atá sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhaint amach a léiriú ann. Ba cheart an méid seo a leanas a chur ar áireamh sa tuarascáil sin: measúnú ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil maidir le comhlíonadh a feidhmeanna; tuarascáil ar ghníomhartha laistigh den Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil (nuair a bheidh sé foilsithe) a chur i gcrích; taifead ar chruinnithe; agus mionsonraí faoi chomhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Tá an tuarascáil bhliantúil ina deis don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta freisin aon idirghabhálacha, tionscadail nó gníomhaíochtaí a raibh éifeacht ar leith acu a thaispeáint.[6] Eiseofar tuilleadh treorach ón Oifig Náisiúnta maidir leis sin in am trátha.

Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil faireachán agus athbhreithniú, ar bhonn leanúnach, ar chur chun feidhme plean sábháilteachta pobail áitiúil, lena n-áireofar a feidhmíocht i gcomparáid le haon tagarmharcanna nó aon táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa phlean nó i gcomparáid le táscairí iomchuí eile, agus déanfaidh sí athbhreithniú ar phlean sábháilteachta pobail áitiúil uair amháin ar a laghad

---

[6] I bhfianaise na hamlíne atá leagtha síos le haghaidh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a bhunú sa bhliain 2025, meastar go bhféadfar tuairisciú don bhliain 2025 agus don bhliain 2026 a chur isteach le chéile.

laistigh de shaolré an phlean agus, tar éis aon athbhreithniú den sórt sin, leasóidh sí an plean de réir mar is cuí.

Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil athbhreithniú ar a feidhmíocht agus a téarmaí tagartha féin uair amháin sa bhliain ar a laghad chun a chinntiú go mbeidh sí ag feidhmiú ar an leibhéal uasta éifeachtachta agus chun aon athruithe a mheasann sí is gá a chur chun feidhme.

Níor cheart nithe íogaire ná aon nithe rúnda a chur ar áireamh in aon tuarascálacha a eiseoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta.

# 23. Aguisíní

## Gluais téarmaí

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| **Ionadaithe Pobail** | Daoine aonair a roghnaítear ón earnáil pobail nó dheonach, agus iad á roghnú tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail go minic, chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna pobail laistigh den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta. |
| **Comhairliúchán** | An próiseas trína dtugtar pobail agus geallsealbhóirí áitiúla le chéile chun ionchur a bhailiú maidir le saincheisteanna agus tosaíochtaí sábháilteachta. |
| **Comhaltaí Tofa** | Comhairleoirí a thoghtar chun ionadaíocht a dhéanamh don phobal sa rialtas áitiúil, agus ar féidir go n-ainmneofar roinnt díobh chun páirt a ghlacadh i gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta. |
| **Údarás Áitiúil** | An chomhairle cathrach nó an chomhairle contae atá freagrach as rialachas, as pleanáil agus as soláthar seirbhíse laistigh de limistéar geografach sainithe. |
| **Comhlacht Seirbhíse Poiblí** | Roinn den rialtas, údarás áitiúil nó gníomhaireacht stáit. Fónann roinnt comhlachtaí seirbhíse poiblí mar chomhaltaí de chomhpháirtíochtaí ar bhonn reachtúil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar chomhlachtaí áirithe seirbhíse poiblí aird chuí a bheith acu ar shábháilteacht pobail agus ar chosc dochair faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail. |
| **Soláthraithe Seirbhíse** | Is comhlachtaí reachtúla, áitiúla agus/nó deonacha atá sainordaithe nó cistithe chun idirghabhálacha sábháilteachta pobail a dhéanamh sa limistéar iad soláthraithe seirbhíse. |
| **Geallsealbhóirí** | Daoine aonair nó eagraíochtaí a bhfuil leas acu i dtorthaí sábháilteachta pobail nó a bhfuil tionchar acu ar na torthaí sin, lena n-áirítear cónaitheoirí, gnólachtaí, agus soláthraithe seirbhíse. |
| **Gníomhaireacht Stáit** | Comhlacht earnála poiblí den stát a bhfuil oibleagáid reachtúil air cúraimí sonracha a chomhlíonadh thar ceann Rialtas na hÉireann. Sampla de sin is ea Tusla, an ghníomhaireacht um leanaí agus an teaghlach. |
| **Foghrúpa / Grúpa Oibre** | Foireann bheag a chruthaíonn an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil chun díriú ar cholúin théamacha |

| | |
|---|---|
| | sábháilteachta pobail nó ar shaincheisteanna sonracha (mar shampla, caidreamh leis an óige, iompraíocht fhrithshóisialta, mí-úsáid drugaí). |
| **Rialacháin** | Le roinnt Achtanna den Oireachtas, ceadaítear d'Aire, d'údarás áitiúil nó do chomhlacht éigin eile rialacháin a dhéanamh chun mionsonraí a chur leis maidir le conas a chuirfear foráil ar leith i bhfeidhm sa chleachtas. Is reachtaíocht thánaisteach iad na rialacháin sin. Déanann Aire rialacháin trí Ionstraim Reachtúil a shíniú. |
| **Téarmaí Tagartha** | Doiciméad foirmiúil ina leagtar amach raon feidhme, freagrachtaí, comhaltas agus nósanna imeachta oibriúcháin na Comhpháirtíochta Sábháilteachta nó a foghrúpaí. |

**An tírdhreach áitiúil – struchtúir chomhpháirtíochta áitbhunaithe**

| Ainm | Tuairisc |
|---|---|
| Aoisbhá Éireann | Tacaíonn Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann le cathracha, contaetha agus bailte ar fud na hÉireann ullmhú d'aosú mear ár ndaonra trí aird mhéadaithe a thabhairt ar na tosca comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a imríonn tionchar ar shláinte agus folláine daoine scothaosta. |
| Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga | Is é atá i gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga ná coistí ar leibhéal an chontae a thugann na príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga le chéile. |
| Comhairle na nÓg | Is é atá i gComhairle na nÓg ná comhairlí leanaí agus óige sna 31 údarás áitiúla sa tír, a thugann deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith páirteach i seirbhísí agus beartais áitiúla a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| Ceangal ar son na Beatha | Is é Ceangal ar son na Beatha an beartas náisiúnta um fhéinmharú a laghdú. Tháinig sé chun deiridh sa bhliain 2024 agus tá sé á athrú chun dáta faoi láthair ag an Roinn Sláinte. Áirítear le struchtúr an bheartais deich bplean gníomhaíochta áitiúla um fhéinmharú a laghdú, atá ina gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha a gcomhordaíonn an tOifigeach Acmhainní áitiúil um Fhéinmharú a Chosc de chuid FSS iad. Áirítear lena gcomhaltas an Garda Síochána, FSS, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, eagraíochtaí pobail, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, etc. |
| Éire Ildánach | Is é is Éire Ildánach ann ná clár cultúir agus folláine uile-rialtais a bhfuil sé mar aidhm aige daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a bhunathú chun feabhais tríd an gcruthaitheacht. |
| Éire Shláintiúil | Is é is Éire Shláintiúil ann ná tionscnamh rialtais a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar shláinte agus folláine gach duine a chónaíonn in Éirinn. |
| Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | Is é atá i gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil ná coistí a bhunaítear i ngach limistéar údaráis áitiúil chun cur chuige comhtháite comhleanúnach a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme i leith forbairt áitiúil agus forbairt pobail. Glacann siad go léir cur chuige comhchosúil comhpháirtíochta 'ón mbun aníos' i leith an cur chuige sin a fhorbairt. |
| Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | Is é atá i gCuideachtaí Forbartha Áitiúla ná cuideachtaí neamhbhrabúis a sholáthraíonn forbairt pobail agus tuaithe, gníomhachtú margaidh saothair, cuimsiú sóisialta, gníomhú ar son na haeráide, agus seirbhísí fiontar sóisialta. Baineann siad leas as samhail chomhpháirtíochta lena gcothaítear úinéireacht áitiúil agus lena soláthraítear réitigh áitbhunaithe. |

| | |
|---|---|
| Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt | Cabhraíonn Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le daoine a bheith gníomhach, agus cuireann siad deireadh le bacainní ar an spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil. |
| Líonraí Rannpháirtíochta Pobail | Is é is Líonra Rannpháirtíochta Pobail ann ná líonra a chumasaíonn d'údaráis áitiúla nascadh le grúpaí pobail ar fud na tíre. |
| Tascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla Drugaí agus Alcóil | Cuireann tascfhórsaí áitiúla agus réigiúnacha drugaí agus alcóil an straitéis náisiúnta drugaí chun feidhme i gcomhthéacs riachtanais a limistéir áitiúil. Cuimsíonn na tascfhórsaí ionadaithe ó raon gníomhaireachtaí iomchuí, amhail FSS, an Garda Síochána, boird oideachais agus oiliúna, agus údaráis áitiúla. Cuimsíonn siad ionadaithe poiblí tofa agus ionadaithe ón earnáil dheonach agus pobail freisin. |
| Pobail Shláintiúla Sláintecare | Clár tionscnamh spriocdhírithe atá ceaptha chun an tsláinte fhoriomlán a chur chun cinn agus a fheabhsú i bpobail áirithe ina bhfuil comhchruinniú ar leith tosca riosca sláinte agus folláine (Pobail Shláintiúla Sláintecare - HSE.ie)<br><br>Tá Oifigeach Forbartha Áitiúil um Pobail Shláintiúla ag gach ceann de na tionscnaimh spriocdhírithe sin, ar duine é nó í a oibríonn i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil. |

## Tuairisc ar ról an Chathaoirligh

Is é a bheidh i gceist le ról an Chathaoirligh ná obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla agus an Chomhordaitheora Sábháilteachta Pobail a threorú, teacht ar chomhthoil i measc na gcomhaltaí den Chomhpháirtíocht ionas gur féidir plean saincheaptha sábháilteachta pobail áitiúil a fhorbairt, agus cur chun feidhme an phlean sábháilteachta pobail a bhrú chun cinn ionas go mbainfear tairbhí inbhraite amach don phobal iomchuí.

Tá an Cathaoirleach freagrach as an gComhpháirtíocht Sábháilteachta a stiúradh agus as éifeachtacht na Comhpháirtíochta a chinntiú i ngach gné dá ról. Ba cheart dó nó di ardchaighdeáin ionracais a léiriú agus ionchais a leagan síos maidir le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus d'éirim na bpléití ar leibhéal na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Stiúrfaidh sé nó sí obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla, an Chomhordaitheora Sábháilteachta Pobail agus an Riarthóra Sábháilteachta Pobail freisin.

Tugann na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht neamhspleách ar na treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta le fios go bhfuil ról an Chathaoirligh ina ghné lárnach den Chomhpháirtíocht, go háirithe ó thaobh inniúlacht agus taithí ceannaireachta de. Is ról suntasach saorálaíochta ardleibhéil é laistigh de phobal/chontae an chathaoirligh agus éileofar dúthracht agus am ina leith.

Cuirtear in iúl go láidir sa mheastóireacht freisin go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh taithí agus muinín ag an gCathaoirleach chun comhpháirtíocht mhór a éascú, ón taobh straitéiseach de agus ón taobh caidreamhach de araon, agus ról á thabhairt aige nó aici do gheallsealbhóirí ar gach leibhéal ar bhealach comhsheasmhach, éifeachtach agus neamhchlaon. Is gá don chathaoirleach a bheith in ann gníomhú mar bhróicéir neamhspleách.

Déanfaidh an Cathaoirleach:

- ceannaireacht agus treo straitéiseach a sholáthar;
- an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a stiúradh le linn di teacht ar chinntí eolacha agus réitigh eolacha atá curtha in oiriúint do riachtanais an phobail ar leith ina bhfuil an chomhpháirtíocht ag obair;
- an Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le seirbhísí pobail agus le seirbhísí poiblí araon; agus
- gníomhú mar thathantóir don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus ionadaíocht a dhéanamh di os comhair an phobail, na meán agus geallsealbhóirí eile de réir mar is cuí.

Agus iarrthóir á bhreithniú nó á breithniú do ról an Chathaoirligh, ba cheart do na comhaltaí den Chomhpháirtíocht a mheas an léiríonn sé nó sí na nithe seo a leanas:

- cumas cruthaithe chun comhthoil agus cumarsáid éifeachtach a chothú;
- cumas cruthaithe chun tionchar a imirt ar raon leathan geallsealbhóirí;
- cumas chun ceannaireacht straitéiseach a léiriú i dtimpeallacht ardphróifíle;
- tuiscint inléirithe nó an cumas chun saincheisteanna sábháilteachta pobail a thuiscint;
- an cumas chun obair i réimse íogair, agus súile an phobail dírithe go géar air nó uirthi ó am go ham;
- Taithí ar phróisis chomhpháirtíochta móire agus scileanna éascaithe

## Doiciméid mholta ionduchtúcháin do Chomhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta

- An Beartas Sábháilteachta Pobail
- Ailt 114, 115 agus 116 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail
- Téarmaí Tagartha agus Buan-Orduithe (Beartaithe) do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta
- Tuairisc ar ról an Chathaoirligh
- Mionsonraí faoin bpróiseas toghcháin
- Aon doiciméid eile atá ábhartha don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta iomchuí

# Doiciméid theimpléadacha

**Conas na teimpléid seo a úsáid**

Tá na teimpléid seo tugtha mar threoir do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta, agus ba cheart iad a choigeartú do riachtanais na Comhpháirtíochta Sábháilteachta agus an phobail áitiúil. Tá fonótaí ar áireamh sa doiciméad chun tuilleadh treorach a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta maidir le conas teimpléid a oiriúnú dá gcomhthéacs áitiúil, amhail na Téarmaí Tagartha agus na Buan-Orduithe. Ba cheart doiciméid theimpléadacha a nuashonrú ar an leibhéal áitiúil chun nuashonruithe ar an treoir arna heisiúint ag an Oifig Náisiúnta a léiriú.

## 1. Téarmaí tagartha

**Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXXXXX**
**Teimpléad le haghaidh Téarmaí Tagartha**

**Téarmaí Tagartha: Rialú Leaganacha**

Leagan: Leagan 1.0

Dáta: LL/MM/BBBB

Stair an Rialaithe Leagain:

| Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXX | | |
|---|---|---|
| Uimh. an Leagain: | Dáta | Stádas |
| | | |

**Cúlra**

1. Is é cuspóir na dTéarmaí Tagartha seo comhdhéanamh, feidhmeanna agus oibriú Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil _______ a leagan amach.
2. Bunaíodh Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXX de réir an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Tá feidhmeanna agus cuspóir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta mar atá leagtha amach in alt 116 den Acht agus sna Treoirlínte maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú arna n-eisiúint ag an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.
3. Féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus an Cathaoirleach na Téarmaí Tagartha seo a athbhreithniú tráth ar bith i gcomhairle leis an Oifig Náisiúnta nó i gcás go n-eiseofar rialacháin nó treoirlínte athbhreithnithe.

**Suíomh na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

4. Beidh limistéar riaracháin Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXX mar an gcéanna le limistéar riaracháin údarás áitiúil XXX.

**Treoirphrionsabail na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla** [7]

a. Cur Chuige Uile-Rialtais
b. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht
c. Dochar a Chosc
d. Tacaíocht Spriocdhírithe do Phobail faoi Mhíbhuntáiste
e. Cur Chuige Rannpháirtíoch
f. Cuimsiú Sóisialta
g. Cuntasacht
h. Cur Chuige Fianaisebhunaithe
i. Meas ar Thaithí agus Rannchuidiú na gComhaltaí Uile agus Aitheantas don Taithí agus Rannchuidiú sin
j. [CUIR PRIONSABAIL BHREISE LEIS, I gCÁS GUR GÁ]

**Feidhmeanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

5. Is mar a leanas atá feidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta, mar atá siad leagtha amach in alt 116 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024:

a. **Feidhmiú mar fhóram plé:** feidhmiú mar ardán le haghaidh ábhair imní sábháilteachta pobail a phlé agus le haghaidh cineálacha comhordaithe cur chuige a fhorbairt i leith sábháilteacht pobail a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil.

b. **Pleananna sábháilteachta pobail áitiúla a fhorbairt gach trí bliana:** plean sábháilteachta pobail áitiúil a fhorbairt agus a ghlacadh gach trí bliana. Ní mór an Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail (nuair a bheidh sí ar fáil) agus aon treoir ón Oifig Náisiúnta a chur san áireamh sna pleananna.

c. **Próiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla:** comhairliúcháin phoiblí a sheoladh chun tosaíochtaí agus cuspóirí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a shainaithint le linn an Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhorbairt.

[7] Tá tuilleadh mionsonraí faoi na prionsabail sin ar fáil sa Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a oibriú ón Oifig Náisiúnta.

d. **Pleananna Sábháilteachta Pobail Áitiúla a chur chun feidhme:** faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bPleananna Sábháilteachta Pobail ar bhonn leanúnach i gcomparáid le tagarmharcanna nó táscairí cuí.

e. **Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean:** athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Sábháilteachta Pobail uair amháin ar a laghad i saolré an phlean agus, tar éis an athbhreithnithe sin, an plean a leasú de réir mar is cuí.

f. **Comhoibriú le geallsealbhóirí:** comhoibriú agus comhordú le geallsealbhóirí iomchuí i ndáil le gníomhartha faoi Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil, faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail arna dhéanamh de bhun alt 66B den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus faoi aon phleananna eile atá iomchuí dá limistéar feidhme.

g. **Tuairimí a thabhairt ar phleananna póilíneachta áitiúla:** i gcás go mbeidh plean póilíneachta áitiúil atá iomchuí do limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta á ullmhú, nó gur ullmhaíodh plean den sórt sin, tuairimí a thabhairt ar an ullmhúchán sin nó ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme aon phlean den sórt sin don oifigeach rannáin iomchuí don rannán den Gharda Síochána nó don chuid de lena mbaineann an plean.

h. **Cruinnithe poiblí a óstáil:** cruinnithe poiblí a óstáil maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht pobail ina limistéar feidhme.

i. **Fóraim Sábháilteachta Pobail Áitiúla:** tacú le fóraim sábháilteachta pobail comharsanachta áitiúla limistéarbhunaithe agus iad a chomhordú i limistéar feidhme na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, i gcás gur cuí.

j. **Tuairisciú:** tuarascáil bhliantúil, agus aon tuarascálacha eile den sórt sin a éilítear, a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

**Cuspóirí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

6. Beidh Cuspóirí agus Torthaí beartaithe na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla mar a leanas:

a) Tús áite a thabhairt do shaincheisteanna arna sainaithint ag an bpobal mar ábhair imní sábháilteachta;

b) Rannpháirtíocht agus ionadaíocht an phobail ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chinntiú;
c) Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhorbairt a léireoidh na tosaíochtaí arna sainaithint ag an bpobal;
d) Feabhas a chur ar chomhoibriú ilghníomhaireachta i limistéar na Comhpháirtíochta Sábháilteachta;
e) Cur le muinín an phobail as soláthraithe seirbhíse;
f) Soláthraithe seirbhíse a choimeád cuntasach don phobal maidir leis na gníomhartha comhaontaithe arna sainaithint sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chomhlíonadh.

**Comhaltas**

7. Déanfaidh an t-údarás áitiúil an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhunú agus comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a áirithiú. Tá sé tábhachtach go mbeadh guthanna gníomhacha agus ionadaíocha pobail ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil. Dá bhrí sin, ba cheart an comhaltas a ualú i bhfabhar an phobail, i gcás gur féidir.

8. Cuimseoidh comhaltas __Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXX___ na hionadaithe seo a leanas a mhéid is féidir, faoi réir 30 comhalta ar a mhéad:

a) Nach lú ná seachtar comhaltaí tofa den údarás áitiúil don limistéar riaracháin lena mbaineann;
b) Ionadaí amháin don Údarás Áitiúil
c) X comhalta den Gharda Síochána
d) Ball foirne amháin d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
e) Ball foirne amháin den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
f) Ceathrar ionadaithe *ar a laghad* do Chónaitheoirí Áitiúla, mar aon leis na daoine seo a leanas ar a laghad:
g) Ionadaí óige amháin
h) Ionadaí amháin do phobail mhionlaigh/nua
i) Ionadaí cuimsithe shóisialta amháin ón earnáil pobail agus dheonach
j) Ionadaí oideachais amháin
k) Ionadaí gnó amháin

l) Comhaltaí Breise:[8]

[TABHAIR SONRAÍ]

9. Ní bheidh imeachtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla neamhbhailí mar gheall ar aon fholúntas nó folúntais i measc a comhaltaí.

10. Ceapfar comhaltaí ar feadh téarma trí bliana.

11. Comhalta a cheaptar mar gheall ar phost sonrach a shealbhú agus a scoireann den phost sin a shealbhú, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

12. Féadfaidh comhlacht ainmniúcháin a chomhalta ionadaíoch a dhíroghnú trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach. Tiocfaidh sé sin in éifeacht ón dáta a bheidh sonraithe ar an bhfógra.

13. Féadfaidh comhalta éirí as a chomhaltas nó a comhaltas tráth ar bith. Ní mór fógra a thabhairt don Chathaoirleach i dtaobh an éirí as agus tiocfaidh an t-éirí as in éifeacht ón dáta a bheidh sonraithe ar an bhfógra nó ar an bhfógra a bheith faighte ag Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, cibé acu is déanaí.

14. Má bhíonn comhalta as láthair ó thrí chruinniú as a chéile gan cúis leordhóthanach, féadfaidh an Cathaoirleach a iarraidh:

- ar an gcomhalta sin éirí as mar chomhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, agus
- ar chomhlacht ainmniúcháin an chomhalta ainmní ionaid a sholáthar don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

15. Éireoidh comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta as arna iarraidh sin don Chathaoirleach.

16. Ba cheart comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a bhainistiú go réamhghníomhach chun a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais, ach freisin chun

[8] Féach an Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chomhaltaí breise a áireamh.

ionadaíocht leathan agus oibriú éifeachtach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chinntiú. Ba cheart don Chathaoirleach, i gcomhpháirt leis na comhaltaí eile, comhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a athbhreithniú tráth nach lú ná gach trí bliana chun a chinntiú go léireoidh sí an déimeagrafaic áitiúil agus riachtanais sábháilteachta pobail fós.

17. Féadfaidh an tAire comhalta de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a chur as a phost nó a post ar chúiseanna sonraithe, mar a bheidh leagtha amach i míniú scríofa ón Aire.

18. Cuirfidh an Cathaoirleach an Oifig Náisiúnta ar an eolas faoi aon athruithe ar chomhaltas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla le haghaidh ainmniú ar aghaidh chuig an Aire le haghaidh ceapacháin.

**Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

19. Tá príomhfhreagrachtaí an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh mar atá leagtha amach sa Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú arna heisiúint ag an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

**An Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a Thoghadh**

20. Toghfaidh na comhaltaí den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as a measc ag an gcéad chruinniú de chuid na Comhpháirtíochta.

21. Féadfaidh comhaltaí iad féin a ainmniú nó féadfaidh comhaltaí eile iad a ainmniú.

22. I gcás nach mbeidh comhalta ainmnithe aige nó aici féin, beidh an t-ainmniúchán sin faoi réir chomhaontú an chomhalta sin.

23. Ní mór ainmniúchán nó ainmniúcháin a chur isteach i scríbhinn chuig Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta tráth nach déanaí ná seachtain amháin roimh an toghchán. Ní mór mionsonraí a bheith in ainmniúchán nó in ainmniúcháin maidir leis an gcúis a bhfuil an comhalta á ainmniú nó á

hainmniú agus ba cheart iad a chur isteach ar fhoirm ainmniúcháin a bheidh soláthartha ag Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

24. Scaipfidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ainmniúchán nó ainmniúcháin ar na comhaltaí tráth nach lú ná dhá lá roimh an toghchán.

25. Féadfaidh ainmnithe a bhfís agus a spriocanna don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a chur i láthair an chomhaltais iomláin.

26. Glacfaidh comhaltaí uile na Comhpháirtíochta Sábháilteachta páirt sa vótáil, a reáchtálfar le rúnbhallóid, a bheidh faoi bhainistiú Phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil agus Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta, agus iad ag caitheamh a vóta ar son duine **amháin** de na hiarrthóirí ainmnithe.

27. Déanfar na hiarrthóirí a mbeidh tromlach na vótaí faighte acu a fhógairt agus a cheapadh mar an Cathaoirleach agus/nó an Leas-Chathaoirleach.[9]

28. Tabharfaidh an Chomhpháirtíocht fógra don Oifig Náisiúnta i dtaobh na dtorthaí ar thoghchán le haghaidh ról an chathaoirligh agus/nó an leaschathaoirligh laistigh de sheachtain amháin ó thoghadh na gcomhaltaí.

**Téarma oifige don chathaoirleach agus don leaschathaoirleach**

*29.* Fónfaidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach sna poist sin ar feadh tréimhse trí bliana tar éis a ndáta ceapacháin.

30. Féadfar an Cathaoirleach agus/nó an Leas-Chathaoirleach, faoi réir vóta tromlaigh na gcomhaltaí eile, a cheapadh chun fónamh ar feadh téarma trí bliana as a chéile amháin eile **sa ról sin.**

**An cathaoirleach a chur as a phost nó a post**

31. Féadfaidh an tAire Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach a chur as a phost nó a post ar chúiseanna sonraithe, mar a bheidh leagtha amach i míniú scríofa ón Aire.

Folúntas i bPost an Chathaoirligh/an Leas-Chathaoirligh

32. Más rud é go bhfuil poist an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh folamh, nó mura bhfuil an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach in ann go sealadach a bpost a chomhlíonadh ar chúis ar bith, féadfaidh na comhaltaí comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a thoghadh chun a ndualgais a chomhlíonadh:

---

[9] Tá sé de chumhacht ag gach Comhpháirtíocht Sábháilteachta a chinneadh cad ba cheart a dhéanamh i gcás comhionannas vótaí. I measc na sásraí molta tá babhta eile vótála a sheoladh, crainn a chaitheamh, agus iarrthóireacht a tharraingt siar.

a. Go dtí go mbeidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach nua tofa nó
b. Go dtí go mbeidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach in ann a ndualgais a atosú

**Cruinnithe a Sceidealú agus Fógra a Thabhairt ina dTaobh**

33. Comhaontóidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Buan-Orduithe le haghaidh cruinnithe.

34. Seolfar fógraí i dtaobh chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla chuig gach comhalta den Chomhpháirtíocht trí mheán leictreonach nó ar shlí eile, ina sonrófar dáta, am agus áit an chruinnithe, agus fógra seacht lá ar a laghad roimh ré á thabhairt i dtaobh an chruinnithe.

35. Ní bhreithneoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta aon ní sna cásanna seo a leanas:

a. chuirfeadh an ní slándáil duine aonair amháin nó níos mó i mbaol;
b. baineann an ní le duine aonair – ní phléifear daoine aonair ná ní ainmneofar iad. Ní mór cloí leis an gceart atá ag duine aonair chun príobháideachta agus leis na forálacha den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003;
c. baineann an ní le faisnéis arna fáil ag an nGarda Síochána nó ag an údarás áitiúil i modh rúin;
d. dhéanfadh an ní dochar, nó is dócha go ndéanfadh an ní dochar, don choireacht a chosc nó a bhrath nó do chiontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh; nó
e. meastar an ní a bheith dochrach do ní oibríochtúil de chuid an Gharda Síochána, amhail imscaradh nó comhdhéanamh sainaonad, nó baineann an ní le hábhar atá de chineál íogair.

**An líon cruinnithe agus minicíocht na gcruinnithe**

36. Ba cheart cruinnithe tráthrialta a bheith ag an gComhpháirtíocht Sábháilteachta, lena n-áireofar líon nach lú ná:

a. Ceithre chruinniú ráithiúla de chuid na comhpháirtíochta,
b. Cruinniú poiblí amháin.
c. Cruinniú dúnta amháin do na hionadaithe tofa don limistéar iomchuí.

37. Is faoin gComhpháirtíocht Sábháilteachta atá sé minicíocht, suíomh agus uainiú ghnáthchruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chinneadh.

38. Ba cheart don Chathaoirleach an Oifig Náisiúnta a choinneáil ar an eolas faoi chruinnithe sceidealaithe.

39. Tionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

**Miontuairiscí**

40. Comhaontóidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil socruithe i ndáil le miontuairiscí na n-imeachtaí cruinnithe, lena n-áirítear na cinntí a rinneadh agus an ghníomhaíocht atá le déanamh a thaifeadadh, mar aon le nósanna imeachta i ndáil le miontuairiscí a cheadú agus a fhoilsiú.[10]

**Gnó na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

41. Ní bhfaighidh aon chomhalta aon luach saothair i leith gníomhú mar chomhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

42. Ní nochtfaidh aon duine, gan toiliú na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla, aon fhaisnéis a mheasann an Chomhpháirtíocht a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de nó de chineál rúnda agus a fuair an duine sin agus é nó í ag comhlíonadh a dhualgas nó a dualgas, nó de thoradh a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, mar chomhalta den Chomhpháirtíocht.

43. I gcás go mbeidh cruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla ar oscailt don phobal, ba cheart soláthar cuí a dhéanamh d'fhógra a thabhairt don phobal i dtaobh na gcruinnithe. Ba cheart soláthar ar leith a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear na codanna den phobal atá imeallaithe agus is faide ar shiúl ón gcinnteoireacht ar an eolas faoin gcruinniú agus go dtacófar leo freastal ar an gcruinniú agus páirt fhiúntach a ghlacadh ann.

[10] Tá próiseas molta le haghaidh miontuairiscí a athbhreithniú agus a cheadú ar áireamh sa Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a Oibriú arna heisiúint ag an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

44. I gcás go dtionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cruinnithe go príobháideach, ba cheart tuarascáil ar an gcruinniú a chur ar fáil don phobal. Ba cheart don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil féachaint leis na tuarascálacha agus na doiciméid uaithi a chur ar fáil don phobal a mhéid is mó is féidir, mura mbeadh sé sin indéanta ar chúiseanna dlíthiúla nó rúndachta nó mura mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail faisnéis nó doiciméid den sórt sin a chur ar fáil.

**Oibleagáidí tuairiscithe na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla**[11] [12]

45. Tabharfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil an t-eolas is deireanaí don Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail de réir mar is gá faoi chomhlíonadh fheidhmeanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

46. Tabharfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil an t-eolas is deireanaí don phobal gach trí mhí, ina dtabharfar forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí na comhpháirtíochta.

47. Eiseoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil tuarascáil phoiblí bhliantúil, rud ar cheart an obair a rinneadh chun páirt a thabhairt don phobal agus chun na cuspóirí atá sa Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a bhaint amach a léiriú ann.

48. Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil faireachán agus athbhreithniú, ar bhonn leanúnach, ar chur chun feidhme Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil, lena n-áireofar a feidhmíocht i gcomparáid le haon tagarmharcanna nó aon táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa phlean nó i gcomparáid le táscairí iomchuí eile, agus déanfaidh sí athbhreithniú ar Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil uair amháin

---

[12] Féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil breithniú a dhéanamh freisin ar shásraí eile tuairiscithe atá ag teacht lena dtírdhreach áitiúil. Sampla de sin is ea an t-eolas is deireanaí a thabhairt go tráthrialta lena chur ar áireamh sa tuarascáil bhainistíochta a leagtar faoi bhráid cruinnithe míosúla iomlánacha comhairle.

ar a laghad laistigh de shaolré an phlean agus, tar éis aon athbhreithniú den sórt sin, leasóidh sí an plean de réir mar is cuí.

49. Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil athbhreithniú ar a feidhmíocht agus a Téarmaí Tagartha féin uair amháin sa bhliain ar a laghad chun a chinntiú go mbeidh sí ag feidhmiú ar an leibhéal uasta éifeachtachta agus chun aon athruithe a mheasann sí is gá a chur chun feidhme.

**Formhaoirseacht ar Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

50. Is í an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail a stiúrfaidh an fhormhaoirseacht ar an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

51. Déanfaidh an Oifig Náisiúnta caidreamh go príomha le Cathaoirleach, Comhordaitheoir agus Riarthóir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla chun an t-eolas is deireanaí a fháil faoi na nithe seo a leanas:

   a. Gníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla
   b. Rannpháirtíocht na soláthraithe seirbhíse agus na n-ionadaithe pobail sa Chomhpháirtíocht
   c. Comhoibriú idir comhlachtaí seirbhíse poiblí agus geallsealbhóirí eile maidir le seirbhísí a sholáthar chun sábháilteacht pobail a fheabhsú
   d. Gníomhaíochtaí sábháilteachta pobail agus caidreamh leis an mórphobal

52. Déanfaidh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme an Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil

53. Soláthróidh an Oifig Náisiúnta tacaíocht, oiliúint agus treoir do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní ar fheidhmeanna na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta a chomhlíonadh trí dhúshláin théamacha agus choitianta a mbíonn na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta ag teacht orthu a chur in iúl don Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail.

54. Féadfaidh an Oifig Náisiúnta taighde agus meastóireachtaí a dhéanamh nó a choimisiúnú a bhaineann le hoibriú na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

**Teorainneacha na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla**

55. Ní bhreithneoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta aon ní sna cásanna seo a leanas ach oiread:

a. Chuirfeadh an ní slándáil duine aonair amháin nó níos mó i mbaol;

b. Baineann an ní le duine aonair – ní phléifear daoine aonair ná ní ainmneofar iad. Ní mór cloí leis an gceart atá ag duine aonair chun príobháideachta agus leis na forálacha den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003;

c. Baineann an ní le faisnéis arna fáil ag an nGarda Síochána nó ag an údarás áitiúil i modh rúin;

d. Dhéanfadh an ní dochar, nó is dócha go ndéanfadh an ní dochar, don choireacht a chosc nó a bhrath nó do chiontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh; nó

e. Meastar an ní a bheith dochrach do ní oibríochtúil de chuid an Gharda Síochána, amhail imscaradh nó comhdhéanamh sainaonad, nó baineann an ní le hábhar atá de chineál íogair.

**Athbhreithniú**

56. Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta agus an Cathaoirleach Athbhreithniú Bliantúil ar na Téarmaí Tagartha seo.

## 2. Buan-Orduithe

### Áit, Dáta agus Am an Chruinnithe

1. Tionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh,
    a. lena n-áireofar líon nach lú ná:

    b. Ceithre chruinniú ráithiúla de chuid na comhpháirtíochta.

    c. Cruinniú poiblí amháin.

    d. Cruinniú dúnta amháin do na hionadaithe tofa don limistéar iomchuí.
2. A mhéid is indéanta, is é XXXXXXXXX a bheidh sa ghnáthháit le haghaidh cruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (Chomhpháirtíocht Sábháilteachta) XXXX XXXX a thionól. Is san áit sin a thionólfar cruinnithe de ghnáth. Ó am go ham, féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta, le comhaontú, suíomh malartach a cheapadh do chruinniú ar leith de réir mar a chinnfidh an Cathaoirleach.[13]
3. Nuair is gá agus nuair a chomhaontófar amhlaidh, féadfar an cruinniú a thionól trí Microsoft Teams nó trí uirlis eile físchomhdhála. Foráiltear freisin do chruinnithe cumaisc a thionól.
4. Tionólfar cruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla an <sonraigh cibé acu an chéad, an dara, an tríú> <sonraigh an lá, mar shampla, Luan, Céadaoin, Aoine> de XXXX, XXXX, XXXX agus XXX.
5. Tosóidh cruinnithe ag XXX pm agus mairfidh siad tréimhse nach faide ná <cuir isteach an tréimhse ama anseo>.[14]

### Fógraí i dtaobh Cruinnithe

6. Seolfar fógraí i dtaobh chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla chuig gach comhalta den Chomhpháirtíocht trí mheán leictreonach, ina sonrófar dáta, am agus áit an chruinnithe, agus fógra seacht lá ar a laghad roimh ré á thabhairt i dtaobh an chruinnithe.
7. Féadfar cruinnithe speisialta na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a ghairm chun nithe lena mbaineann tábhacht ar leith di a phlé. I gcás go dtionólfar cruinniú speisialta, ní mór fógra a eisiúint trí lá ar a laghad roimh an gcruinniú, ar fógra é ina sonrófar am agus áit an chruinnithe agus cuspóir an chruinnithe do gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

### Cruinnithe na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla nó na bhFoghrúpaí

---

[13] Ba cheart do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla breithniú a dhéanamh ar chruinnithe a thionól ag áit a n-éascóidh rannpháirtíocht na gcomhaltaí uile, go háirithe na comhaltaí pobail, agus ag am a éascóidh an rannpháirtíocht sin. Is féidir breithniú a dhéanamh freisin ar shuíomh na gcruinnithe a athrú ó am go ham chun an limistéar geografach a chumhdaíonn an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a léiriú.
[14] Ba é trí huaire an chloig go leith an t-am sonraithe le linn na dtreoir-Chomhpháirtíochtaí.

8. Féadfaidh ionadaithe ó na meáin freastal ar chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, agus beidh an fhaisnéis agus na doiciméid a thugtar ar aird ar fáil dóibh, mura bhfuil cúiseanna dlíthiúla ann nach mbeadh sé sin indéanta nó mura mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh.[15]
9. Féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a chinneadh teacht le chéile i gcoiste ar feadh iomlán an chruinnithe lena mbaineann nó ar feadh cuid de, i gcás go mbeidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta den tuairim gur rud inmhianaithe é daoine de na meáin a bheith as láthair ó iomlán cruinnithe ar leith nó ó chuid de ar na cúiseanna seo a leanas:

- cineál speisialta an chruinnithe, nó cineál speisialta aon mhíre gnó atá le breithniú, nó atá ar tí a breithnithe, ag an gcruinniú, nó
- ar chúiseanna speisialta eile, féadfaidh an coiste nó an foghrúpa a chinneadh teacht le chéile i gcoiste.

10. Tá ceart na meán chun freastal ar chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta faoi réir na nithe seo a leanas:

- Agus an spás atá ar fáil á chur san áireamh, féadfar teorainn a chur, ar chúiseanna sábháilteachta, leis an líon daoine a bheidh ag freastal ar chruinnithe,
- Na rialacha lena rialaítear iompar na ndaoine atá i láthair ag cruinnithe,
- Forchoimeádann an Cathaoirleach an ceart chun daoine de na meáin a chuireann isteach ar na himeachtaí nó a mhí-iompraíonn iad féin ar shlí eile a bhaint den chruinniú,
- Tá gach fón póca agus gach fearas cumarsáide eile le bheith curtha as,
- Ní ceadmhach aon trealamh taifeadta,
- Ní mór do dhaoine de na meáin a bheith san áiléar poiblí roimh thús an chruinnithe chun a chinntiú go bhféadfaidh siad dul isteach sa chruinniú.

**Cruinnithe Poiblí**

11. Déanfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cruinniú poiblí amháin ar a laghad a thionól in aghaidh na bliana. I gcás go dtionólfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil cruinnithe go príobháideach, ba cheart tuarascáil ar an gcruinniú a chur ar fáil don phobal.
12. Beidh aon chruinniú poiblí dírithe ar shábháilteacht pobail, agus ní ar dhaoine aonair, agus ar chomhoibriú an phobail a fháil.
13. Is ag cruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a dhéanfar cinntí maidir le cruinnithe poiblí a thionól.
14. Fógrófar mionsonraí faoi chruinnithe poiblí sna meáin áitiúla, ar shuíomh Gréasáin údarás áitiúil XXXX agus sna meáin shóisialta.

[15] Ní sainordaithe atá freastal na meán ar chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. D’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar chead a thabhairt do na meáin freastal ar chruinnithe poiblí, nó ar chruinnithe sonracha arna iarraidh sin, sa chéad bhliain atá an Chomhpháirtíocht i mbun oibre, chun go mbeifear in ann caidreamh agus muinín a fhorbairt agus de réir mar a bheidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta ag forbairt an phlean oibre uaithi. D’fhéadfaí é sin a athbhreithniú de réir mar a fhorbraíonn obair na Comhpháirtíochta

15. Ní mór ceisteanna a fháil i scríbhinn seacht lá oibre iomlána ar a laghad roimh chruinniú den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta ag Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.
- Glacfar le ceisteanna ó aon duine a bhfuil fiosruithe iomchuí sábháilteachta pobail aige nó aici.
- Ba cheart do cheistitheoirí a n-ainm agus a seoladh a thabhairt, agus ní phoibleofar a n-ainm ná a seoladh.
16. In imthosca áirithe, féadfaidh nach mbeidh ionadaí ón nGarda Síochána nó ón údarás áitiúil in ann freagra a thabhairt ar cheist, ar chúiseanna dlíthiúla nó toisc nach mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh.
17. Is freagra ó bhéal a bheidh in aon fhreagra a thabharfar, agus taifeadfar sna miontuairiscí é.
18. Coimeádfar taifead ar na ceisteanna scríofa uile a cuireadh isteach. Is mar chuid de thaifid oifigiúla an choiste a bheidh na ceisteanna a cuireadh isteach agus na freagraí a tugadh.

**Cruinnithe Speisialta**

19. Beidh sé de lánrogha ag an gCathaoirleach cruinniú speisialta de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a ghairm chun nithe lena mbaineann tábhacht ar leith di a phlé.

20. I gcás go dtionólfar cruinniú speisialta, ní mór fógra a eisiúint trí lá ar a laghad roimh an gcruinniú, ar fógra é ina sonrófar am agus áit an chruinnithe agus cuspóir an chruinnithe do gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

**Cruinnithe ag a bhfuil na meáin i láthair**

21. I gcruinnithe mar ar comhaontaíodh go mbeadh na meáin i láthair acu, féadfaidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta a chinneadh teacht le chéile i gcoiste ar feadh iomlán an chruinnithe lena mbaineann nó ar feadh cuid de, i gcás go mbeidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta den tuairim gur rud inmhianaithe é daoine de na meáin a bheith as láthair ó iomlán an chruinnithe nó ó chuid de ar na cúiseanna seo a leanas:

- cineál speisialta an chruinnithe, nó cineál speisialta aon mhíre gnó atá le breithniú, nó atá ar tí a breithnithe, ag an gcruinniú, nó
- ar chúiseanna speisialta eile, féadfaidh an coiste nó an foghrúpa a chinneadh teacht le chéile i gcoiste.

22. Tá ceart na meán chun freastal ar chruinnithe na Comhpháirtíochta Sábháilteachta faoi réir na nithe seo a leanas:

- Agus an spás atá ar fáil á chur san áireamh, féadfar teorainn a chur, ar chúiseanna sábháilteachta, leis an líon daoine a bheidh ag freastal ar chruinnithe,
- Na rialacha lena rialaítear iompar na ndaoine atá i láthair ag cruinnithe,
- Forchoimeádann an Cathaoirleach an ceart chun daoine de na meáin a chuireann isteach ar na himeachtaí nó a mhí-iompraíonn iad féin ar shlí eile a bhaint den chruinniú,
- Tá gach fón póca agus gach fearas cumarsáide eile le bheith curtha as,
- Ní ceadmhach aon trealamh taifeadta,
- Ní mór do dhaoine de na meáin a bheith san áiléar poiblí roimh thús an chruinnithe chun a chinntiú go bhféadfaidh siad dul isteach sa chruinniú.

23. Ba cheart an fhaisnéis agus na doiciméid a thugtar ar aird a chur ar fáil do na meáin, mura bhfuil cúiseanna dlíthiúla ann nach mbeadh sé sin indéanta nó mura mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh.

**Nithe Áirithe a Bhreithniú**

24. Ní bhreithneoidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil nó foghrúpa aon ní sna cásanna seo a leanas:

- chuirfeadh an ní slándáil duine aonair amháin nó níos mó i mbaol;
- baineann an ní le duine aonair – ní phléifear daoine aonair ná ní ainmneofar iad. Ní mór cloí leis an gceart atá ag duine aonair chun príobháideachta agus leis na forálacha den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003;baineann an ní le faisnéis arna fáil ag an nGarda Síochána nó ag an údarás áitiúil i modh rúin;
- dhéanfadh an ní dochar, nó is dócha go ndéanfadh an ní dochar, don choireacht a chosc nó a bhrath nó do chiontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh; nó
- meastar an ní a bheith dochrach do ní oibríochtúil de chuid an Gharda Síochána, amhail imscaradh nó comhdhéanamh sainaonad, nó baineann an ní le hábhar atá de chineál íogair.

**Córam**

25. Aon duine dhéag a bheidh sa chóram do chruinniú de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla. Ba cheart ceathrar ionadaithe ar a laghad as measc an chomhaltais phoiblí agus an chomhaltais neamhphoiblí faoi seach a bheith ann.
26. Más rud é nach mbeidh aon chomhalta dhéag i láthair laistigh de chúig nóiméad déag tar éis an ama a bheidh ceaptha le haghaidh Cruinniú a thionól, beidh an Cruinniú ar atráth go dtí lá a chinnfidh an Cathaoirleach.

**Miontuairiscí**

27. Déanfaidh foireann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta nó, más rud é nach mbeidh an fhoireann sin i láthair, oifigeach ainmnithe údaráis áitiúil miontuairiscí a tharraingt suas ar imeachtaí aon chruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.
28. Beidh na nithe seo a leanas ar áireamh sna Miontuairiscí –

- Dáta, áit agus am an chruinnithe,
- Ainm na gcomhaltaí a bhí i láthair ag an gcruinniú, agus ainm an chathaoirligh,
- Ainm na gcomhaltaí nach raibh i láthair,
- Tagairt d'aon tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí ag an gcruinniú,
- Míreanna a pléadh,
- Cinntí a rinneadh agus/nó gníomhartha a comhaontaíodh agus aon choinbhleachtaí leasa a dearbhaíodh i gcúrsa na cinnteoireachta,
- Na gníomhartha atá le déanamh,
- Stádas na ngníomhartha atá amuigh,
- I gcás go raibh vótáil ar ghlaoch rolla ann, líon agus ainm na gcomhaltaí a vótáil i bhfabhar an rúin agus ina choinne agus líon agus ainm na gcomhaltaí a staon ón vótáil,
- Sonraí na gcinntí uile a ritheadh ag an gcruinniú,
- Cibé nithe eile a mheastar a bheith cuí.

29. Scaipfear dréacht-mhiontuairiscí cruinnithe ar gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta laistigh de 15 lá oibre ón gcruinniú.
30. I gcás gur féidir, cuirfear miontuairiscí cruinnithe faoi bhráid an chéad chruinnithe eile lena ndaingniú mar thaifead cruinn. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, cuirfear iad faoi bhráid an chéad chruinnithe eile ina dhiaidh sin agus taifeadfar an deimhniú sin i miontuairiscí an chruinnithe sin.
31. Nuair a bheidh miontuairiscí cruinnithe daingnithe, fara leasú nó gan leasú, déanfaidh an Cathaoirleach a mbeidh siad curtha faoina bhráid nó faoina bráid lena ndaingniú iad a shíniú, agus glacfar i bhfianaise gan chruthúnas aon mhiontuairiscí a mhaífear a bheidh sínithe amhlaidh.
32. Soláthrófar cóip de na miontuairiscí daingnithe d'aon duine a dhéanfaidh iarratas orthu ar íoc cibé suim réasúnach a íoc, ar suim í nach mó ná an costas réasúnach a bheidh ar an gcóip a sholáthar.
33. Déanfar socruithe cuí le haghaidh choimeád sábháilte na miontuairiscí ag Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

**Taifead ar fhreastal ar chruinnithe**

34. Déanfaidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla taifead a choinneáil ar an bhfreastal ar chruinnithe.
35. Maidir le freastal gach comhalta ar leith a bhí i láthair ag cruinniú, déanfaidh an comhalta sin é a iontráil i dtaifead a choimeádann Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta chun na críche sin thar ceann na Comhpháirtíochta Sábháilteachta.

**Ord Gnó**

36. Déanfar an clár oibre agus an doiciméadacht ar fad atá iomchuí do ghnó na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a scaipeadh ar na comhaltaí uile tráth nach lú ná ceithre lá oibre roimh aon chruinniú de chuid na Comhpháirtíochta.
37. Is mar a leanas a bheidh an tOrd Gnó ag gach Cruinniú de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, seachas ag Cruinnithe Poiblí:

- Miontuairiscí a Dhaingniú
- Nithe a Éireoidh
- Dearbhú Leasa
- Tuarascálacha
- Míreanna Ginearálta
- Míreanna Leasa Comhaltaí
- Comhfhreagras
- Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil – An tEolas is Deireanaí ar Thorthaí/Gníomhartha (tar éis an Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil a fhoilsiú)

Nuair is mian le comhalta mír a chur ar áireamh faoi Mhíreanna Leasa Comhaltaí, ní mór breac-chuntas ar an ní agus aon cheisteanna gaolmhara a chur faoi bhráid an Chathaoirligh i scríbhinn tráth nach déanaí ná seacht lá ar a laghad roimh aon chruinniú de chuid na Comhpháirtíochta.

**Ord Díospóireachta**

38. Ní labhróidh aon chomhalta os comhair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar feadh níos mó ná trí nóiméad gan cead an Chathaoirligh. Ní fhéadfaidh aon chomhalta labhairt ach uair amháin i ndáil le haon mhír ar an gClár Oibre. Ba cheart do chomhaltaí a bheith gonta agus ionchur á thabhairt acu
39. Ach amháin le cead an Chathaoirligh, ní labhróidh aon chomhalta os comhair an chruinnithe ar feadh níos mó ná nóiméad amháin faoi Nithe a Éireoidh.
40. Beidh sé de lánrogha iomlán ag an gCathaoirleach cinneadh a dhéanamh ar an ord ina gceadófar do chomhaltaí labhairt.
41. Agus é nó í ag labhairt, ní labhróidh aon chomhalta ach go díreach leis an gCathaoirleach.
42. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh ón gCathaoirleach maidir le pointe oird nó míniú pearsanta a shocrú.
43. I gcás go dtairgfidh beirt chomhaltaí nó níos mó labhairt ag an aon am amháin, is ag an gcomhalta a nglaofaidh an Cathaoirleach air nó uirthi a bheidh tosach labhartha.
44. Agus é nó í ag labhairt, ní chuirfear isteach ar aon chomhalta ach amháin i gcás ceist oird, ach féadfaidh sé nó sí am a ghéilleadh do chomhalta a bheidh ag iarraidh míniú pearsanta a thabhairt.
45. Is é nó í an Cathaoirleach an t-aon duine amháin a chinnfidh an t-ord ag an gcruinniú, agus tá údarás aige nó aici iallach a chur ar chách géilleadh go tapa dá rialú.

**Dearbhú Leasa**

46. Ní mór do chomhalta é nó í féin a eisiamh ó chruinniú nó ó chuid de chruinniú a bhaineann le haon ní, agus ní ceadmhach dó nó di páirt a ghlacadh in aon phlé ar aon ní, ar ina leith a d'fhéadfaí a mheas le réasún go bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht as é nó í a bheith i láthair ag an gcruinniú nó as é nó í a bheith ag glacadh páirt i bplé ar an ní.
47. Déanfar Clár Leasanna a chomhlánú/a chothabháil, agus beidh ar gach comhalta a seasamh a dheimhniú roimh gach cruinniú. Cuirfear foirm Dearbhaithe Leasa isteach gach bliain, lena n-áireofar ráiteas á rá go dtuigtear an ceanglas atá ann leasanna a dhearbhú de réir mar a thagann siad chun cinn. Ceanglófar ar chomhaltaí aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhír gan choinne a bheith ag teacht chun cinn a dhearbhú freisin.
48. Ar mhaithe le soiléiriú, measfar coinbhleacht leasa a bheith ina "sraith imthosca as a dtagann riosca go mbeidh tionchar míchuí ag leas tánaisteach ar bhreithiúnas gairmiúil nó ar ghníomhartha gairmiúla a bhaineann le leas príomha".

**Cinntí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla 17**

49. Ba cheart Vótaí/Cinntí a dhéanamh trí chur chuige comhoibríoch. I gcás gur féidir, ba cheart iad a dhéanamh le comhthoil. I gcás nach féidir cinntí a dhéanamh le comhthoil, déanfar iad le vóta tromlaigh:
    a. Tá gach comhalta den chomhpháirtíocht incháilithe chun vóta a chaitheamh.
    b. Tógfar vótaí ó na comhaltaí sin a bheidh i láthair ag an gcruinniú.
    c. I gcás nach bhfuil tromlach ann, beidh an vóta cinntitheach ag an gCathaoirleach.

50. Ar leibhéal na cinnteoireachta, ní bheidh ag comhaltaí pobail ná ag aon leasghrúpa aonair níos mó ná 49% de chearta vótála na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla.
    Déanfar Clár Leasanna a chomhlánú/a chothabháil, agus beidh ar gach comhalta a seasamh a dheimhniú roimh gach cruinniú.
51. Ceanglófar ar chomhaltaí aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhír gan choinne a bheith ag teacht chun cinn a dhearbhú. Ar mhaithe le soiléiriú, is féidir míniú a dhéanamh ar 'coinbhleacht leasa' mar aon chineál leasa phearsanta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, nó a bhféadfaí a cheapadh go réasúnach go ndéanfadh sé difear, do neamhchlaontacht duine aonair i gcinnteoireacht.

**Foghrúpaí**

52. Féadfaidh an Cathaoirleach, i gcomhairle leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, Foghrúpa a cheapadh chun aon chríche sonraí.

53. Agus Foghrúpa á cheapadh, cinnfidh na comhaltaí líon agus ainm na ndaoine a fhónfaidh ar an bhFoghrúpa agus cé a dhéanfaidh Cathaoirleacht air.
54. Socróidh an Cathaoirleach an córam a mbeidh feidhm aige maidir le Foghrúpa mar líon nach lú ná triúr.
55. Is é téarma oifige Foghrúpa cibé tréimhse a chinnfidh an Cathaoirleach.
56. Beidh Cathaoirleach gach Foghrúpa freagrach do na comhaltaí as bainistíocht ghinearálta an ghnó arna chur ar iontaoibh an Fhoghrúpa.
57. Déanfar cóip d'aon tuarascáil ó Fhoghrúpa a bheidh le cur faoi bhráid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla a tharchur chuig gach Comhalta trí lá ar a laghad roimh aon chruinniú ag a bpléifear an tuarascáil sin.
58. Féadfar cuireadh a thabhairt do dhuine nach comhalta é nó í freastal ar chruinniú agus, i gcás gur cuí leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta nó leis an bhfoghrúpa, labhairt faoi mhír ar leith ar an gclár oibre, mar shampla ionadaithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla i gcás go measfaidh an coiste nó an foghrúpa go bhfuil gá lena saineolas ar leith.

**Láithreoireachtaí**

59. Chun láithreoireachtaí a éascú ag cruinnithe, déantar foráil sna Buan-Orduithe seo go dtosóidh Cruinnithe ag Xpm. Mairfidh na cruinnithe sin tréimhse nach faide ná trí huaire an chloig go leith.
60. Féadfar láithreoireachtaí ar shaincheisteanna iomchuí a thabhairt i dtús cruinnithe de chuid na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, faoi réir chomhaontú an Chathaoirligh. Labhróidh cainteoirí os comhair an chruinnithe ar feadh deich nóiméad, agus ceadófar deich nóiméad le haghaidh ceisteanna agus freagraí.
61. Ceadófar do bheirt ar a mhéad freastal agus labhairt ar an ábhar.
62. Maidir leis an ábhar a labhrófar air, tabharfar fógra i scríbhinn do Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ina thaobh seacht lá ghlana ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, i dteannta aon láithreoireachta.
63. Nuair a bheidh an láithreoireacht críochnaithe, tarraingeoidh na láithreoirí siar ón gcruinniú.
64. Féadfar cuireadh a thabhairt do dhuine nach comhalta é nó í freastal ar chruinniú agus, i gcás gur cuí leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta nó leis an bhfoghrúpa, labhairt faoi mhír ar leith ar an gclár oibre, mar shampla ionadaithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla i gcás go measfaidh an coiste nó an foghrúpa go bhfuil gá lena saineolas ar leith.

**Iompar Mí-ordúil**

65. Más é tuairim an Chathaoirligh go raibh nó go bhfuil aon chomhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta mí-ordúil trí neamhaird leanúnach a thabhairt ar rialú an Chathaoirligh, nó trí é nó í féin a iompar ar mhodh mírialta, míchuí nó

maslach, nó trí bhac a chur ar ghnó an chruinnithe ar shlí eile, agus má chuir an Cathaoirleach a thuairim nó a tuairim in iúl do na comhaltaí atá i láthair tríd an gcomhalta lena mbaineann a ainmniú, féadfaidh an Cathaoirleach nó aon chomhalta a mholadh “go bhfágfadh an comhalta ainmnithe an cruinniú”, agus déanfar an rún, más rud é go dtacófar léi, a chur agus a chinneadh gan aon phlé.

66. I gcás go gcinnfidh an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil, de réir an mhéid thuas, go bhfágfaidh comhalta aon chruinniú, fágfaidh an comhalta sin an cruinniú láithreach agus ní bheidh sé nó sí i dteideal labhairt ag an gcruinniú sin ná aon pháirt eile a ghlacadh ann ar an lá sin.
67. Féadfaidh an Cathaoirleach an cruinniú a chur ar atráth ar feadh cibé tréimhse a mheasann sé nó sí is gá ar mhaithe le hord.

**Buan-Orduithe a Chur ar Fionraí**

68. Féadfar Buan-Orduithe a chur ar fionraí tráth ar bith gan aon fhógra chun go bhféadfar gnó sonrach a bhaineann le leas na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a bhreithniú agus a láimhseáil, faoi réir an cheanglais atá ann go vótálfaidh dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair ina fhabhar sin.
69. Cuirfear iarraidh ar Bhuan-Orduithe a chur ar fionraí a chur faoi bhráid an chathaoirligh i scríbhinn nó, más rud é go mbeidh oifig an chathaoirligh folamh nó nach mbeidh sé nó sí in ann gníomhú, cuirfear í faoi bhráid an leaschathaoirligh i scríbhinn, tráth nach déanaí ná 12 meán lae an lá roimh an gcruinniú. Féadfaidh an cathaoirleach/leaschathaoirleach, faoina lánrogha féin, glacadh le hiarraidh den sórt sin roimh thús an chruinnithe, más rud é go measfaidh sé nó sí gurb ionann ábhar na hiarrata agus ní práinne agus seiftiúlachta a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta.

**Buan-Orduithe**

70. Féadfaidh Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXX, le rún a vótálfaidh leath amháin ar a laghad de líon iomlán na gcomhaltaí den chomhpháirtíocht ina fhabhar, buan-orduithe a leasú nó a chúlghairm agus buan-orduithe nua a dhéanamh.
71. Seolfaidh Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta cóip de na buan-orduithe chuig gach comhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta.
72. Mar an gcéanna, soláthrófar do gach comhalta cóip d’aon leasú ar bhuan-orduithe.
73. Beidh sé de chumhacht ag an gCathaoirleach déileáil le haon ní nach gcumhdaítear le Buan-Orduithe.
74. Is rialú críochnaitheach a bheidh i rialú an Chathaoirligh ar aon cheist nó aon léiriú ar an mBuan-Ordú.

## 3. Cód Iompair do Chomhaltaí na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta

Is é aidhm an chóid iompair seo breac-chuntas a thabhairt ar na treoirphrionsabail, na cleachtais agus na hoibleagáidí a gceanglaítear ar gach comhalta iad a chomhlíonadh le linn théarma a gceapacháin chuig na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta.

### I. Treoirphrionsabail

Ba cheart obair na gcomhaltaí a threorú le treoirphrionsabail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla, mar atá leagtha amach sa Treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla a oibriú.

### II. Freagracht Pobail

Tá freagracht ar chomhaltaí gníomhú ar mhaithe leis an bpobal seachas ar mhaithe le leasanna aon ghrúpa a ndéanann siad ionadaíocht dó nó ar mhaithe leo féin.

### III. Ionracas

Ba cheart do chomhaltaí gníomhú le macántacht, le cothroime agus le trédhearcacht. Níor cheart do chomhaltaí a ról a úsáid ar mhaithe le gnóthachan pearsanta.

### IV. Coinbhleachtaí Leasa

I gcás go mbeidh coinbhleachtaí leasa ann, tá oibleagáid ar chomhaltaí iad sin a dhearbhú.

### V. Cuntasacht

Gabhann gach comhalta orthu féin a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha i bhfreagairtí sábháilteachta pobail a shainaithint agus a sholáthar sa Chomhpháirtíocht Sábháilteachta. Gabhann siad orthu féin freisin freastal ar chruinnithe agus imeachtaí na Comhpháirtíochta Sábháilteachta, i gcás gur gá, agus aon ghníomhartha ar ghabh siad orthu tabhairt fúthu a chomhlíonadh.

### VI. Oscailteacht agus Trédhearcacht

Ba cheart do chomhaltaí a bheith chomh hoscailte agus is féidir faoi na cinntí, na seasaimh agus na gníomhartha a ghlacann siad.

### VII. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Tá comhaltaí tiomanta d’obair go comhoibríoch chun tionscnaimh a chomhchruthú chun sábháilteacht pobail a fheabhsú agus chun comhspriocanna na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a chur chun cinn.

### VIII. Idirphlé agus Cuimsiú measúil

Ba cheart do chomhaltaí meas a bheith acu ar thaithí agus rannchuidiú na gcomhaltaí eile uile, beag beann ar a gcúlraí nó ar a dtuairimí. Oibreoidh comhaltaí le gach geallsealbhóir eile go measúil, beag beann ar a gcúlraí nó ar a dtuairimí. Ba cheart díriú a leagan ar an tsaincheist, agus ní ar an duine aonair, le linn plé agus níor cheart daoine aonair a bheith faoi réir ionsaí pearsanta míréasúnach agus iomarcach lena linn.

## IX. Comhionannas

Ba cheart do chomhaltaí luach na héagsúlachta i gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta a shainaithint agus a ghabháil orthu féin comhionannas agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart caitheamh le daoine le meas, beag beann ar a gcine, ar a n-eitneacht, ar a bhféiniúlacht inscne, ar a gclaonadh gnéasach, ar a stádas míchumais, ar a stádas socheacnamaíoch, ar a stádas sláinte nó ar a reiligiún.

## X. Rúndacht

Gabhann na comhaltaí orthu féin gan aon fhaisnéis rúnda a phléitear i gcúrsa obair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a nochtadh.

**Admháil agus Comhaontú**

Deimhním gur léigh mé agus gur thuig mé Cód Iompair na Comhpháirtíochta Sábháilteachta. Aontaím go gcloífidh mé leis na prionsabail agus na hiompraíochtaí atá leagtha amach thuas ar fud mo théarma mar chomhalta den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil.

**Ainm:** ____________________________________________

**Eagraíocht (má bhaineann):** ________________________

**Síniú:** _________________________________________

**Dáta:** _____________________________________________

## 4. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Luaitear i dTéarmaí Tagartha Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXX go gceanglaítear ar chomhaltaí a seasamh a dheimhniú agus aon Choinbhleacht Leasa a dhearbhú sa tábla thíos roimh aon chruinniú, ar tábla é ba cheart a sheoladh ar ais chuig Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXX.

Ceanglaítear ar chomhaltaí aon Choinbhleacht Leasa a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhír gan choinne a bheith ag teacht chun cinn a dhearbhú freisin.

Ar mhaithe le soiléiriú, measfar Coinbhleacht Leasa a bheith ina *"sraith imthosca as a dtagann riosca go mbeidh tionchar míchuí ag leas tánaisteach ar bhreithiúnas gairmiúil nó ar ghníomhartha gairmiúla a bhaineann le leas príomha"*.
Is féidir le coinbhleachtaí teacht chun cinn ó am go ham agus táthar ag súil leis go dtarlóidh sé sin; i gcás go ndearbhóidh comhalta Coinbhleacht Leasa, ní mór don duine sin fanacht as láthair ó phléití a bhaineann leis an dearbhú. Taifeadfar an dearbhú leasa go foirmiúil i miontuairiscí an chruinnithe.

| **Dáta an Chruinnithe** | **Mír ar an gClár Oibre** | **Cineál an leasa** | **An bhfuil sé amhlaidh gur fhan tú/go bhfanfaidh tú as láthair ó na pléití? (Tá/Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Ainm an Chomhalta (Priontáil): ____________________

Síniú an Chomhalta: ____________________

Dáta: ____________________

## 5. Foirm Ainmniúcháin Cathaoirligh

| Foirm Ainmniúcháin Cathaoirligh Shamplach | |
|---|---|
| Ainm an Ainmní | |
| Ainm an Mholtóra (murab ionann é nó í agus an tAinmní) | |
| Leag amach cén fáth a gceapann tú go bhfuil an taithí agat/ag an duine seo chun an ról mar Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXXX a chomhlíonadh. Agus an rannán seo á chomhlánú agat, ba cheart duit an tuairisc ar ról Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta a cheadú. | |
| Síniú an Ainmní | |
| Síniú an Mholtóra | |
| Dáta | |

## 6. Dearbhú Dearbhaithe do Chathaoirligh Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta

Le haghaidh an Phoist mar Chathaoirleach, Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil [Ainm]

Dearbhaímse, [D'Ainm Iomlán], an méid seo a leanas maidir le mo cheapachán mar Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil [Ainm].

- Ról an Chathaoirligh

- Deimhním gur léigh mé an tuairisc ar an ról agus go dtuigim ról Chathaoirleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

- Tá agam na scileanna, an taithí agus an tiomantas is gá chun ról an Chathaoirligh a chomhlíonadh mar atá tuairiscithe sa tuairisc ar an ról.

- Tiomantas do Shábháilteacht Pobail

- Dearbhaím mo thiomantas do shábháilteacht pobail, cuimsitheacht agus comhoibriú a chur chun cinn i measc geallsealbhóirí, lena n-áirítear an Garda Síochána, údaráis áitiúla, grúpaí pobail, agus cónaitheoirí.

- Gníomhóidh mé ar mhaithe le leas an phobail agus seasfaidh mé le Treoirphrionsabail na gComhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

- Ceangal Ama.

- Deimhním go dtuigim gur post deonach ardleibhéil é ról an Chathaoirligh agus gur féidir liom an t-am is gá a chaitheamh chun dualgais an Chathaoirligh a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear freastal ar chruinnithe, caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí, agus ionadaíocht a dhéanamh don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta de réir mar is gá.

**Ainm:** ___________________________________________

**Síniú:** ________________________________________

**Dáta:** ____________________________________________

## 7. Teimpléad le haghaidh Miontuairiscí Cruinnithe

| [AINM] | |
|---|---|
| Dáta: | |
| Am: | |
| Ionad: | |

| Freastal | |
|---|---|
| Córam: | TÁ/NÍL |
| Ainm na gcomhaltaí nach raibh i láthair: | |
| 1. Dearbhú Leasa | |
| | |
| 2. Daingniú mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe LL MM BBBB | |
| | |
| 3. Nithe a Éireoidh | |
| | |
| 4. Mír A | |
| | |
| 5. Mír B | |
| | |
| 6. Mír C | |
| | |
| 7. Míreanna Leasa Comhaltaí | |
| | |
| 8. Aon Ghnó Eile | |
| | |
| An Chéad Chruinniú Eile | |
| Dáta: | |
| Am: | |
| Ionad: | |
| Arna ullmhú ag | Ainm |

| | |
|---|---|
| | Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Áitiúla |
| Arna ghlacadh ag Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil XXX | LL/MM/BB |
| Síniú an Chathaoirligh | |

| LOGA FREASTAIL AN CHOMHALTAIS | | |
|---|---|---|
| CÉADAINM SLOINNE | Comhlacht Ionadaíoch | An Raibh an Comhalta i Láthair? Bhí/Ní Raibh |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| Comhaltas Iomlán | X/30 líonta | X Folúntas |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **Freastal Iomlán** | **XX** | **X** |
| **% de na Comhaltaí a bhí i Láthair** | **X%** | **X/30** |

## Acmhainní Breise[16]

**An beartas sábháilteachta pobail**

- An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn
- Beartas Sábháilteachta Pobail na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
- An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024
- Na Rialacháin maidir leis an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail
- Na rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla
- Leathanach Gréasáin Sábháilteachta Pobail náisiúnta

**Rannpháirtíocht an phobail**

- Luachanna agus Prionsabail maidir le Comhoibriú agus Obair i gComhpháirt leis an Earnáil Pobail agus Dheonach
- A Guide for Inclusive Community Engagement in Local Planning and Decision Making
- Participation Matters – Treoirlínte maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar an oibleagáid chun idirchaidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas i gcinnteoireacht phoiblí
- Foireann Uirlisí Tusla um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga
- Hub na nÓg – Guthanna daoine óga sa chinnteoireacht

**Póilíneacht agus sábháilteacht pobail**

- Ráitis Straitéise an Gharda Síochána
- Tosaíochtaí Póilíneachta an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail don Gharda Síochána
- An Straitéis Póilíneachta Trasteorann 2025-2027

**Sláinte**

- An Creat 'Éire Shláintiúil' 2021–2025 anseo
- Straitéis Cur Chun Feidhme Sláintecare anseo

[16] Cuirfear lena bhfuil sa rannán seo le himeacht ama de réir mar a iarrann foirne Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla tacaíocht shonrach ar an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail nó de réir mar a shainaithníonn an Oifig Náisiúnta acmhainní a d'fhéadfadh a bheith tairbheach do Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla.

- An tAcht Sláinte Poiblí (Alcól), 2018, anseo
- An Straitéis Náisiúnta Drugaí: Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú 2017–2025 anseo
- Tuarascáil ón Tionól Saoránach um Úsáid Drugaí anseo

**An Mheabhairshláinte**

- Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách 2025–2027 anseo
- Ceangal ar son na Beatha: Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Laghdú 2015–2024 anseo
- Ceangal ar son na Beatha: Féinmharú a Chosc sa Phobal anseo
- Treoirlínte Oibriúcháin CAMHS (Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh) anseo
- Creat Rannpháirtíochta agus Téarnaimh Meabhairshláinte FSS anseo

**Leanaí agus daoine óga**

- Éire Óg: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028 anseo
- Plean Corparáideach Tusla 2024-2026 anseo
- An straitéis um rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga 2019-2023 anseo
- Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028 anseo
- An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht anseo

**An tOideachas**

- Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023 anseo
- DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) 2024-2025 anseo
- Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go 2030: Straitéis Náisiúnta anseo

**An Spórt agus an Ghníomhaíocht Fhisiciúil**

- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027 anseo
- Pleananna Áitiúla Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla. anseo

**Cuimsiú**

- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (2023) anseo

- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II (2024-2028) anseo
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II, Plean Gníomhaíochta (2024-2026) anseo
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh II, Achoimre Fheidhmeach (2024-2028) anseo
- An Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, Treoirphlean (2017-2020) anseo
- An Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn (2017-2020) anseo
- Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú LADTIA+ (2024-2028) anseo
- An Plean um Chuimsiú agus Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas (atá á fhorbairt)

**Freagairtí agus idirghabhálacha**

- Bileog fíricí an Gharda Síochána um choireacht a chosc trí dhearadh timpeallachta (CPTED)
- Towards Safe(r) Space: Disability and Everyday Spaces of Un/Safety and Hostility in Ireland
- Léarscáil de Sheirbhísí Ceartais Aisiríoch (Éire)
- What works to prevent youth violence: A summary of the evidence (Albain)
- Youth Endowment Foundation: YEF Toolkit - what works to prevent children and young people becoming involved in violence (an Ríocht Aontaithe)
- Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht: Handbook on the Crime Prevention Guidelines – Making them work

**Staitisticí agus Sonraí**

- Léarscáileanna POBAL
- Atlas an Daonáirimh Náisiúnta
- Próifílí Réigiún Sláinte, Limistéar Comhtháite Cúram Sláinte, Líonraí Cúram Sláinte Pobail agus Toghranna (Daonáireamh 2022)